TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2016

A chur ar chumas daoine tríd an bhfoghlaim a lánacmhainneacht a bhaint amach le go bhféadann siad cur le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta na hÉireann.

Arna foilsiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1

© An Roinn Oideachais agus Scileanna 2017

Clár Ábhar

Réamhrá leis an Aire i
Ráiteas ón Ard-Rúnaí ii
Athbhreithniú ar an mBliain 1
Eolas agus Sonraí Corparáide Ginearálta 3
Ár bhFís 3
Ár luachanna 3
Ár spriocanna: 3
Tacú leis an bPróiseas Parlaiminte 2011-2016 4
Seirbhísí Faisnéise 2011-2016 4
Clár Cigireachta Bliantúil i Scoileanna agus Lárionaid Oideachais 4
Tábla na bPrasíocaíochtaí in 2016 6
Ídiú agus Caiteachais Fuinnimh 6
Dul chun cinn ar ár Spriocanna Ardleibhéil i 2016 8
Sprioc 1 - Eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú 8
1.1 Curaclam Bunscoile agus Forbairtí 9
1.1.1. Athchóiriú an Churaclaim 9
1.1.2. Creidimh Reiligiúnacha agus Eitic 9
1.2. Curaclam agus Forbairt na Sraithe Sóisearaí 9
1.2.1. Sonraíochtaí Gearrchúrsaí 9
1.3. Curaclam agus Forbairt na Sraithe Sinsearaí 9
1.3.1. Fisic, Bitheolaíocht agus Ceimic 9
1.3.2. Polaitíocht agus Sochaí 10
1.3.3. Eacnamaíocht agus Eolaíocht Talmhaíochta 10
1.3.4. Corpoideachas 10
1.3.5. Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM) 10
1.3.6. Eolaíocht Ríomhaireachta 10
1.4. Measúnachtaí Idirnáisiúnta (TIMMS & PISA) 10
1.5. Folláine, Bulaíocht agus Meabhairshláinte i Scoileanna 11
1.5.1. Suirbhé ar Scileanna Beatha 11
1.5.2. Treoirlínte Folláine 11
1.5.3. Forbairt ghairmiúil 11
1.5.4. Plean Gníomhaíochta Frithbhulaíochta 11
1.5.5. Straitéis Óige LADT 12
1.6. Seirbhísí Treorach 12
1.7. An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 12
1.8. TFC i Scoileanna 12
1.9. Leithdháiltí Múinteoirí 13
1.10. Achomhairc faoi Alt 29 13
1.11. Teagasc Baile 13
1.12. An Straitéis d'Oideachas Gaeltachta 13
1.13. Cearta an Duine na NA 13
1.14. An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) 14
1.15. An Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna le Cuidiú Teicneolaíochta 14
1.16. Ardoideachas 14

1.16.1. Tuarascáil ar an gCreat Feidhmíochta Córais 2016 14
1.16.2. Creat Feidhmíochta Córais 2017 - 2021 15
1.16.3 Fóram Teagaisc agus Foghlama 15
1.16.4 *Innovation* 2020 15
1.16.5 Ollscoileanna Teicneolaíochta 16
1.16.6 Aistriú chuig Ardoideachas 16
1.16.7 Rátaí Críochnaithe / Coinneála 16
1.16.8 Tuarascáil ar na Céad Spriocanna de chuid na hÚAO: Céimithe 2015 17
1.16.9 Freagra Maoinithe i mBuiséad 2017 17
Sprioc 2 - Feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó na bhfoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu 18
2.1 Rochtain agus Cuimsiú i Suímh Luathóige 18
2.1.1 Tús Luath/Sráid Rutland 19
2.1.2 Ag Tacú le Cuimsiú agus Éagsúlacht i Suímh Luathóige 19
2.2 Plean Gnímh ar mhaithe le Cuimsiú 19
2.3 Cothromas Rochtana ar an Ardoideachas 20
2.3.1 Deontais do Mhicléinn 20
2.3.2 Bord Achomhairc um Dheontais do Mhicléinn 20
2.3.3 An Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas Plean Rochtana 2015-2019 agus Bearta gaolmhara um Rochtain ar an Tríú Leibhéal 20
2.3.4 Scoláireachtaí agus Scéim Sparántachta 21
2.3.5 An Grúpa Oibre um Teip an Ardoideachas a chríochnú 21
2.3.6 Tuismitheoirí Aonair 21
2.4 Rochtain ar Bhreisoideachas agus Oiliúint do Ghrúpaí faoi Mhíbhuntáiste 21
2.5 Cuimsiú Sóisialta 21
2.6 Riachtanais Oideachais Speisialta 21
2.6.1 Ag freastal ar Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta 21
2.6.2 Tacaíochtaí Díritheach arna soláthar do scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta i Scoileanna Príomhshrutha agus i Scoileanna Speisialta 22
2.6.3 Scéim Teagaisc Bhaile Oideachais Speisialta 22
2.6.4 Clár Oideachais Mhí Iúil 22
2.6.5 Leithdháiltí Teagasc Acmhainne 23
2.6.6 Cúntóirí Riachtanais Speisialta 23
2.6.7 An Tionscadal Lárionad Middletown um Uathachas 23
2.6.8 Samhail Leithdháilte Nua d'Acmhainní Teagaisc do Riachtanais Oideachais Speisialta 23
2.6.9 Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta 23
2.6.10 Seirbhís Urlabhra agus Teanga In-scoile 24
2.6.11 Seirbhís Tacaíochta um Chuimsiú 24
2.7 Tacaíochtaí Síceolaíochta 25
Sprioc 3 - Cuidiú leo siúd atá ag soláthar seirbhísí oideachais feabhsú go leanúnach 26
3.1 Cáilíocht in Oideachas Luathóige 26
3.1.1 Síolta/Aistear 26
3.1.2 Cigireachtaí Oideachas Luathóige 27
3.2 Soláthar Múinteoirí 27
3.3 Oideachas do Mhúinteoirí 28

3.3.1 An Bille um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015 28
3.3.2 Athchóiriú Oideachas Múinteora Tosaigh agus Ionduchtúchán Múinteora 28
3.3.3 Forbairt ghairmiúil leanúnach - Bunscoil 28
3.3.4 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach - Iar-bhunscoil (Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí) 28
3.3.5 Tacaíochtaí do Riachtanais Oideachais Speisialta 29
3.3.6 Féinmharú a Chosc 29
3.3.7 Tacaíochtaí d'Oiliúint Múinteoirí de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais 29
3.4 Ceannaireacht Scoile 29
3.5 Cosán 30
3.6 An Ciste um Shármhaitheas Scoile 30
3.7 Cigireachtaí ar Cháilíocht 30
3.7.1. Forbairt múnlaí cigireachta 30
3.7.2. Féinmheastóireachtaí Scoile 30
3.7.3. Curaclaim Ghaeilge 31
3.7.4. Cigireacht ar chúrsaí Gaeilge i gColáistí Gaeilge 31
3.7.5. Cáilíocht i Riachtanais Oideachais Speisialta 31
3.7.6. Treoirlínte Cigireachta 32
3.8. Breisoideachas agus Oiliúint - Forbairt Ghairmiúil 32
3.8.1. Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna um Fhorbairt Ghairmiúil 32
3.8.2. Breisoideachas agus Oiliúint Ardcháilíochta san Earnáil Boird Oideachais agus Oiliúna 32
3.8.3. Bunachar Sonraí Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna 33
3.8.4. Athbhreithniú ar Sholáthar Teastas Iar-Ardteistiméireachta 33
3.9. Suirbhé ar Rannpháirtíocht Macléinn in Éirinn 33
Sprioc 4 - Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal níos leithne 35
4.1 Úsáid Foirgnimh Scoile 35
4.2 Grúpa Idir-Ranna ar Chúram Leanaí in Aois Scoile 35
4.3 Cairt Tuismitheoirí agus Foghlaimeoirí agus Ombudsman Oideachais 36
4.4 Costais a Laghdú do Thuismitheoirí 36
4.5 An Bille um Ligean Isteach i Scoileanna 36
4.6 Pátrúnacht Scoile 36
4.7 Cónascadh Scoileanna 37
4.8 Forbairt Scileanna 37
4.8.1 Straitéis Náisiúnta Scileanna 37
4.8.2 Lingchlár+ 2016 37
4.8.3 Comhairle Náisiúnta Scileanna 38
4.8.4 Fóraim Scileanna Réigiúnacha 38
4.8.5 Plean Gníomhaíochta um Scileanna TFC 39
4.8.6 Printíseachtaí 39
4.8.7 Skillnets 39
4.8.8 Forbairt Lucht Saothair BOO 40
4.9 Taighde 40
4.10 Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta 40
4.11 Erasmus+ 40
4.12 Beartas um Oideachas Fiontraíochta san Ardoideachas 41

4.13 Aitheantas ar Réamhfhoghlaim 41
4.14 Liosta eatramhach de Sholáthraithe Incháilithe 41
Sprioc 5 - Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta 42
5.1 Plean Gníomhaíochta don Oideachas (2016-2019) 42
5.2 An Clár um Athchóiriú Cuimsithe a Sheachadadh 43
5.3 An Straitéis Sonraí 43
5.4 Maoiniú Breisoideachais 43
5.5 Maoiniú Ardoideachais 43
5.6 Creat Feidhmíochta Ardoideachais 44
5.7 An Bille um Leasú an Ardoideachais 44
5.8 Párolla agus Pinsin 44
5.9 Clár Tógála 2016 44
5.9.1 An Scéim um Chóiríocht Bhreise 45
5.9.2 Scéim na nOibreacha Samhraidh 45
5.9.3 Modheolaíochtaí Éagsúla a úsáid chun Tograí móra a Fhoirgniú 45
5.9.4 Bainistiú Airgeadais, Iniúchadh, Breithmheas agus Córais Bainistithe Shócmhainní 45
5.9.5 Meamram Tuisceana le hÚdaráis Áitiúla 45
5.9.6 Suíomh gréasáin 45
5.9.7 Tionscadail Chaipitil Ardoideachais 45
5.9.8 Éifeachtacht Fuinnimh i Scoileanna 46
5.10 Athchóiriú na hEarnála Poiblí 46
5.10.1 Seirbhísí Roinnte do Bhainistíocht Airgeadais 47
5.10.2 Seirbhís Roinnte Acmhainní Daonna/Párolla Pinsin Scoileanna 47
5.10.3 Seirbhís Roinne Párolla agus Airgeadais BOO 47
5.10.4 Seirbhís Roinnte Acmhainní Daonna/Párolla Ardoideachais 47
5.10.5 Treoirlínte Soláthair do Scoileanna 47
5.11 Forbairtí TFC 47
5.11.1 IMIS (Córas Faisnéise um Bhainistiú Cigireachta) 47
5.11.2 Bunachar Sonraí Bunscoile Ar Líne 48
5.11.3 Bunachar Sonraí Iar-bhunscoile Ar Líne 48
5.11.4 An Córas ePQ 48
5.11.5 Córas Achomhairc um Dheontais do Mhic Léinn 48
5.12 Iompar Scoile 48
5.13 An Ciste Eorpach um Dhomhandú 48
5.14 Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF) agus Clár Oibriúcháin 48
5.15 Comhaontú Bóthair Lansdún 49
5.16 Caiteachas na Roinne 49
5.17 Iniúchadh Inmheánach / Rialú Airgeadais Chiste Shóisialta na hEorpa 49
5.18 Dul i ngleic le Drochúsáid san Am atá Thart 49
Aguisín A – Cairt na hEagraíochta – Nollaig 2016 ..... a
Aguisín B - Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne ..... b
Aguisín C – Naisc Dhíreacha chuig ár Suíomh Gréasáin c

Réamhrá leis an Aire

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú Tuarascáil Bhliantúil na Roinne don bhliain 2016 ina dtugtar cuntas ar an obair shuntasach a rinne an Roinn i gcaitheamh na bliana chun a cuid spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach.

I mí Mheán Fómhair 2016 sheol mé an chéad Phlean Gníomhaíochta don Oideachas riamh. Is é príomhchuspóir an phlean an córas oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a dhéanamh de chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann le linn na ndeich mbliana atá romhainn. Táim dóchasach gur féidir sin a bhaint amach. Tarraingítear aird sa tuarascáil seo ar an méid dul chun cinn suntasach atá déanta in 2016 chun an sprioc seo a bhaint amach.

Is beag réimse atá chomh tábhachtach le hoideachas agus oiliúint dár n-uaillmhianta mar náisiún. Tá buntábhacht le córas oideachais agus oiliúna nuálach den scoth chun lánsástacht phearsanta a bhaint amach agus chun sochaí chothrom chóir agus náisiún rathúil a thógáil. Tá siad ríthábhachtach chun rath eacnamaíoch a bhuanú agus chun pobal láidir a dhéanamh den rath eacnamaíoch.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar feabhas a chur ar an eispéireas foghlama agus ar rath foghlaimeoirí trí chigireachtaí luathóige a fheidhmiú go céimneach, trí athbhreithniú a dhéanamh ar churaclaim ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile agus trí mhúinteoirí acmhainne breise a chur ar fáil do scoileanna d'fhonn tacú le páistí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. In 2016 foilsíodh córas grádaithe nua na hArdteistiméireachta agus an córas pointí nua d'iontráil sa tríú leibhéal. Tiocfaidh siad i bhfeidhm in 2017.

Lena chois sin rinneadh dul chun cinn sa chlár um dhífheistiú pátrúnachta agus ar sholáthar foirgnimh agus cóiríocht scoile. Caitheadh €529.8m san iomlán in 2016 ar ár gclár tógála scoile. Méadú de bhreis is €20 milliún é seo i gcomparáid leis an méid a caitheadh in 2015. Leanfar de bheith á luasghéarú agus tabharfar tús áite leis faoi Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019 de chuid an Rialtais.

Lena chois sin sheol an Roinn an chéad Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta dá chuid le linn 2016. Is é is cuspóir di tacú le forbairt saoránach domhanda trí chóras oideachais idirnáisiúnta ardcháilíochta na hÉireann.

I 2016 rinneadh infheistiú suntasach leis, sna hearnálacha breisoideachais agus ardoideachais. I bplean nua chun cur le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna atá ann cheana tá ardspriocanna leagtha amach le haghaidh gach bliana ó 2016-2020. Tá tuarascáil ar thodhchaí an Mhaoinithe d'Ardoideachas foilsithe agus tá €36.5m breise geallta don earnáil 3ú leibhéil i mBuiséad 2017.

Tá mórán bainte amach agus in éineacht le foireann mo Roinne agus an earnáil oideachais i gcoitinne táim meáite ar an dlús a choinneáil san obair agus ár n-uaillmhian a thabhairt chun cinn chun córas oideachais agus oiliúna láidir rathúil a thógáil atá gan sárú san Eoraip.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaí, an tAire Stáit Halligan, le foireann na Roinne agus leo siúd go léir atá ag obair ar fud na hearnála oideachais agus oiliúna, as a gcuid oibre agus tiomantais le linn 2016 agus ina dhiaidh.

Richard Bruton, T.D.

Aire Oideachais agus Scileanna

Ráiteas ón Ard-Rúnaí

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2016 a chur os bhur gcomhair. Tugtar cuntas inti ar an dul chun cinn atá déanta sa chéad bhliain dár Ráiteas Straitéise agus Plean Gníomhaíochta trí bliana don Oideachas 2016-2019. Sa tuarascáil seo aithnítear an dul chun cinn suntasach atá déanta go dtí seo agus an obair a dhéanfar san am atá romhainn chun an Ráiteas Straitéise agus an Plean Gníomhaíochta a chur i ngníomh.

Le linn 2016 rinneadh dul chun cinn nach beag ar athrú ón mbonn aníos a dhéanamh ar an gcóras oideachais, rud ar a n-áirítear athleasú an churaclaim bhunscoile agus Iar-bhunscoile, plean gníomhaíochta nua a fhorbairt chun foghlaimeoirí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus/nó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais a chuimsiú agus beartas nua um Oideachas Gaeltachta a sheoladh a thacóidh le soláthar oideachais ardcháilíochta trí Ghaeilge d'fhoghlaimeoirí i scoileanna agus suímh luath-óige sa Ghaeltacht.

Agus córas grádaithe nua na hArdteistiméireachta agus an córas pointí nua d'iontráil chuig an ardoideachas a dtiocfaidh feidhm leo in 2017 seolta, tabharfar aitheantas d'fheidhmíocht i mbealaí nua trí fhoghlaim ardleibhéil a spreagadh. Bainfear den mbrú atá ar mhicléinn gnóthachtálacha imeallacha a bhaint amach i scrúduithe, agus spreagtar iad chun tabhairt faoi gach ábhar ar shlí níos láidre.

In 2016 leanadh den obair a thacaíonn le hathchóiriú mór na hearnála breisoideachais agus oiliúna. Áirítear air seo seoladh na Straitéise um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhreisoideachas agus Oiliúna (2016-2019), an suíomh gréasáin www.fetchcourses.ie ar a dtugtar féilire cúrsaí náisiúnta FET agus na Straitéise um Breisoideachas agus Oiliúna le Cuidiú Teicneolaíochta (2016-2019). Tacóidh na straitéisí seo le forbairt ghairmiúil ardcháilíochta, cuirfidh siad rochtain chun cinn agus éascóidh siad soláthar dírithe ar fud na hearnála agus cinnteoidh siad go bhfuil an córas freagrúil do riachtanais na bhfoghlaimeoirí.

Foilsíodh Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta 2016-2020 nua dar teideal Oilte in Éirinn, Nasctha ar fud an Domhain in 2016. Tá mar aidhm ag an straitéis seo tacú le forbairt saoránach domhanda trí daoine cumasacha a mhealladh chuig ár gcuid institiúidí oideachais ó gach cearn den domhan chun go dtabharfaidh siad na scileanna agus an taithí d'fhoghlaimeoirí Éireannacha atá uathu chun tabhairt faoin iomaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta, a bheith páirteach i dtaighde den chéad scoth agus i gcomhoibriú idirnáisiúnta, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don rannchuidiú atá déanta ag an bhfoireann sa Roinn agus san earnáil oideachais níos leithne chun soláthar córas oideachais agus oiliúna ardcháilíochta do na foghlaimeoirí uile a chur ar aghaidh.

Seán Ó Foghlú,

Ard-Rúnaí

Athbhreithniú ar an mBliain

I mí Mheán Fómhair 2016 sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton an Ráiteas Straitéise agus Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019. Is ann a leagtar amach ardsprioc i gcomhair córas Oideachais agus Oiliúna na hÉireann, is é sin, gurb é an tseirbhís oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip é faoi 2026.

Is í an fhís atá i gcroílár ár gcuid oibre ná go ndéanfar an córas oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip de chóras na hÉireann trí chur chuige i leith an "chórais iomláin" a ghlacadh: beidh sé chun tosaigh i nuáil agus i réimse leathan iarrachtaí, bainfidh sé leas as oideachas agus oiliúint chun baic a bhriseadh atá roimh ghrúpaí atá i mbaol a n-eisiaimh agus tagarmharc a chur i dtaobh cuimsithe shóisialta, soláthar ag an gcaighdeán is airde agus foghlaimeoirí gach aoisghrúpa a chumasú chun gur féidir leo a bheith rannpháirteach agus rath a bhaint amach i ndomhan atá ag athrú

Tá an plean gníomhaíochta bunaithe ar chur chuige a bhfuil an-chuid comhairliúcháin ag gabháil leis, le príomhchomhpháirtithe san Oideachas agus Oiliúint agus i Ranna agus i nGníomhaireachtaí an Rialtais i gcoitinne. I dTuarascáil na bliana 2016 tugann an Roinn aitheantas don dul chun cinn suntasach córasach atá á dhéanamh faoi gach ceann de chúig Sprioc ár n-uaillmhéine arb í an córas oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a dhéanamh dár gcóras oideachas agus oiliúna.

Forbhreathnú ardleibhéil ar chuid de na príomhghníomhartha a rinneadh le linn 2016.

Athchóiriú an Churaclaim

Seoladh na sonrúcháin ábhair nua do Staidéar Gnó agus d'Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí do scoláirí na 1ú bliana i mí Mheán Fómhair. Gné shuntasach den athleasú curaclaim é seo atá idir lámha tríd an gCreat nua don tSraith Shóisearach 2015 a thugann deiseanna foghlama níos fearr do scoláirí agus tugann sé luach saothair agus aitheantas do chruthú agus gnóthachtálacha neamh-acadúla.

Oideachas Gaeltachta

Foilsíodh an Beartas d'Oideachas Gaeltachta 2017-2022 i mí Dheireadh Fómhair 2016. Is é an chéad straitéis chuimsitheach é an Beartas seo d'oideachas sa Ghaeltacht ó bhunú an Stáit, agus is mór-éacht é i ndáil le cur i ngníomh na "Straitéise don nGaeilge 20 Bliain" de chuid an Rialtais. Sa Bheartas d'Oideachas Gaeltachta leagtar amach mar a dtacóimid le scoileanna Gaeltachta chun oideachas lán-Ghaeilge d'ardchaighdeán a chur ar fáil do pháistí na Gaeltachta.

Infheistíocht

D'fhógair leithdháileadh breise €36.5m don Ardoideachas (Buiséad 2017). Is é seo an chéad mhéadú suntasach ar infheistíocht don earnáil Ardoideachais le 9 mbliana anuas ar tréimhse í inar tháinig laghdú 33% (€463 milliún) ar infheistíocht in ardoideachas, le linn tréimhse ina raibh fás ar dhéimeagrafaic. Cuireann sé seo tús nua le hinfheistíocht san ardoideachas.

Cuimsiú

Maoiníodh 430 Múinteoir Acmhainne breise chun tacaíocht teagaisc breise a chur ar fáil do pháistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais. Méadú 9% é seo ar líon na múinteoirí acmhainne le dhá mhí déag anuas. Tá ról ríthábhachtach ag múinteoirí

acmhainne maidir le soláthar a dhéanamh do riachtanais oideachais scoláirí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais.

Cáilíocht agus Gairmiúlacht

Rinneamar 491 chigireacht a bhí dírithe ar Oideachas Luathóige chun cáilíocht nádúir, raon agus oiriúnacht na n-eispéireas luathoideachais do leanaí a ghlacann páirt sa Chlár Cúram agus Oideachas Luathóige a chinntiú. Is cuid de réimse céimeanna iad na cigireachtaí atá dírithe ar oideachas luathóige a ghlactar chun cáilíocht agus caighdeáin a fheabhsú san earnáil luathóige atá ag teacht chun cinn.

D'fhoilsíomar an Bille Oideachais 2016 (Ligean Isteach) a éascaíonn clárú a bpáistí do thuismitheoirí i scoileanna a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas.

Chuireamar tús leis na forálacha um Oiriúnacht don Teagasc d'Acht na Comhairle Múinteoireachta. Den chéad uair riamh is féidir le ball den phobal, múinteoir nó fostóir gearán a dhéanamh don gComhairle Mhúinteoireachta faoi mhúinteoir cláraithe. Tacóidh oscailteacht agus trédhearcacht mhéadaithe le hardchaighdeáin ghairmiúla i measc múinteoirí chun leasa na bpáistí agus na dtuismitheoirí agus feabhsaíonn siad cáil agus stádas gairm na múinteoireachta.

Naisc ar fud an Domhain

Seolamar an Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 2016. Díríodh ar 37,000 macléinn Ardoideachais agus macléinn teagaisc Bhéarla breise d'fhonn luach eacnamaíoch na hearnála seo a mhéadú go €2.1billiún in aghaidh na bliana faoi 2020. Méadú 33% atá i gceist.

Clár Tógála

Caitheadh €529.7m san iomlán ar ghealltanais sa Chlár Tógála a chomhlíonadh. Is ionann sin agus méadú breis is €20m i gcomparáid leis an méid a caitheadh in 2015.

Eolas agus Sonraí Corparáide Ginearálta

Sa chuid seo den Tuarascáil tugtar sonraí ginearálta corparáide agus cuirtear gníomhaíochtaí i gcomórtas leo siúd a rinneadh i mblianta roimhe seo. Tugtar faoi deara an méadú suntasach atá tagtha ar mhórán gníomhaíochtaí agus na héachtaí breise a baineadh amach le linn 2016. Tá staitisticí tábhachtacha oideachais ar fáil ar leathanach na staitisticí ar shuíomh gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas: www.education.ie

Ár bhFís

Our vision is to provide the best education and training system in Europe

Ár luachanna

- Mar Roinn Stáit, cothaímid cultúr de chuntasacht, éifeachtúlacht agus luach ar airgead atá bunaithe ar éiteas seirbhíse poiblí de neamhspleáchas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht agus ómós.
- Mar Státseirbhísigh cloímid leis na caighdeáin is airde de ghairmiúlacht, macántacht, oibiachtúlacht agus cáilíocht, atá ríthábhachtach chun ár róil a chomhlíonadh i dtacú leis an bpróiseas daonlathach agus freastal ar an saoránach.
- Cuirimid luach ar fhoghlaim mar leas pobail agus aithnímid a ról i bhforbairt, comhtháthú agus folláine sochaí. Aithnímid áit an fhoghlaimeora i gcroílár na forbartha beartais.
- Cuirimid luach ar cháilíocht agus táimid tiomanta do phrionsabal an fheabhsúcháin leanúnaigh agus a bheith oscailte do smaointe, dúshláin agus díospóireacht sheachtrach. Cuirimid luach ar chaidrimh agus ar obair i gcomhpháirt laistigh d'earnáil an oideachais agus leis an bpobal i gcoitinne.

Ár spriocanna:

Sprioc 1 •Eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú

Sprioc 2 •Feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó na bhfoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Sprioc 3 •Cuidiú leo siúd atá ag soláthar seirbhísí oideachais feabhsú go leanúnach

Sprioc 4 •Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal níos leithne

Sprioc 5 •Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta

Tacú leis an bPróiseas Parlaiminte 2011-2016

Tacú leis an bPróiseas Parlaiminte	2011	2015	2016
Ceisteanna Parlaiminte a freagraíodh	3103	3657	3434
Meabhráin don Rialtas a Fuarthas i gcomhair a mBreithnithe	147	160	108
Uiríll a fuair Oifigí an Aire agus an Aire Stáit	13000	7330	6130
Freagraí ar Shaincheisteanna Tráthúla	60	36	18
Freagraí ar Dhíospóireachtaí um Chur ar atráth (Tosú)	32	41	11

Seirbhísí Faisnéise 2011-2016

Seirbhísí Faisnéise	2011	2015	2016
Fiosruithe trí ríomhphost ag info@education.gov.ie	7000+	6168	9733
Cuairteoirí ar ár suíomh gréasáin www.education.ie (milliúin)	1.6m	2.18m	2.25m
Iarratais Saorála Faisnéise Faighte Cinntí a Rinneadh	 1,170 1,000+	 420 400+	 496 450+
Preaseisiúintí	112	126	90
Cainteanna	22	33	10
Twitter	n/b	20,000	24,469

Clár Cigireachta Bliantúil i Scoileanna agus Lárionaid Oideachais

Rinne an Chigireacht **5,662** cigireacht/cuairt chomhairleach ar scoileanna san iomlán in 2016 mar a mínítear i dTáblaí 1 go 5 thíos. Cuirtear comparáidí le 2011 agus 2015 ar fáil leis, chun pointí tagartha a thabhairt. Taispeánann siad go raibh méid agus réimse a cuid gníomhaíochtaí measúnaithe agus comhairlithe á bhfeabhsú ag an gCigireacht i gcónaí.

Tábla 1: Achoimre ar chigireachtaí agus measúnachtaí, 2011-2016			
Achoimre ar Chigireachtaí	**2011**	**2015**	**2016**
Cigireachtaí i suímh Luathóige atá rannpháirteach i gClár Cúram agus Oideachas na Luathóige* (clár píolótach san áireamh)	n/b	22	491
Cigireachtaí i mbunscoileanna (cigireacht ar obair mhúinteoirí ar promhadh san áireamh)	2972	2803	4001
Cigireachtaí in iar-bhunscoileanna agus ionaid oideachais	769	589	752
Gníomhaíochtaí cigireachta agus measúnaithe eile	73	401	144
Iomlán na gcigireachtaí i suímh luathóige, scoileanna agus ionaid oideachais	**3814**	**3815**	**5388**
Iomlán na gcuairteanna comhairleacha um féinmheastóireacht scoile	**n/b**	**787**	**274**

*Clár Cúram agus Oideachas na Luathóige (ECCE)

Tábla 2: Cigireachtaí ar Shuímh Luathóige atá rannpháirteach i gClár Cúram agus Oideachas na Luathóige (ECCE), 2011-2016			
Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas Luathóige	**2011**	**2015**	**2016**
Cigireachtaí píolótacha atá dírithe ar Oideachas Luathóige	n/b	22	33
Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas Luathóige	n/b	n/b	458
Iomlán na gcuairteanna cigireacht suímh	**n/b**	**22**	**491**

Tábla 3: Cigireachtaí agus measúnachtaí i mbunscoileanna, 2011-2016			
Cigireacht Bhunscoile/gníomhaíocht mheasúnachta	**2011**	**2015**	**2016**
Meastóireacht Scoile Uile	291	220	38
Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim	n/b	n/b	149
Measúnú ar Phleanáil Gnímh ar mhaithe le feabhais i scoileanna DEIS*	16	10	10
Cigireachtaí Teagmhasacha	404	345	361
Cigireachtaí Leantacha	n/b	85	141
Measúnú ar sholáthar do Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais	n/b	28	8
Measúnú Curaclaim Píolótach	n/b	24	12
Measúnú Curaclaim	n/b	n/b	60
Iomlán na gcuairteanna cigireacht scoile	**711**	**712**	**779**
Cuairteanna comhairleacha um féinmheastóireacht scoile	n/b	653	197
Cigireachtaí ar mhúinteoirí bunscoile nuacháilithe sa scoilbhliain	**2261**	**2091**	**3222**

*DEIS (Comhionannas Deise a Sheachadadh i Scoileanna) Plean Gníomhaíochta ar mhaithe le Cuimsiú san Oideachas

Tábla 4: Cigireachtaí agus measúnachtaí in iar-bhunscoileanna, 2011-2016			
Cigireacht Iar-bhunscoile/gníomhaíocht mheasúnachta	**2011**	**2015**	**2016**
Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim	100	65	83
Cigireacht Ábhair	528	231	291
Measúnacht Ábhair	23	31	29
Measúnú ar Phleanáil Gnímh ar mhaithe le feabhais i scoileanna DEIS*	16	8	10
Cigireachtaí Teagmhasacha	92	184	246
Cigireachtaí Leantacha	n/b	65	77
Measúnacht ar Ionaid Oideachais	10	5	16
Iomlán na gcuairteanna cigireacht scoile	**769**	**589**	**752**
Cuairteanna comhairleacha um féinmheastóireacht scoile	n/b	134	77

*DEIS (Comhionannas Deise a Sheachadadh i Scoileanna) Plean Gníomhaíochta ar mhaithe le Cuimsiú san Oideachas

Tábla 5: Gníomhaíochtaí cigireachta eile in 2016	
Cigireachtaí/measúnachtaí eile ar sholáthar do scoláirí agus daoine óga 2016	
Tuarascálacha Measúnachta ara Choláistí Gaeilge (Coláistí Gaeilge sa Ghaeltacht)	25
Cigireacht ar scoileanna in Aonaid Ardtacaíochta, Aonaid Shainchúraim agus Ionaid Coinneála do Pháistí	8
Cigireacht a rinneadh chun críocha aitheantas scoile	3
Cigireacht ar champaí samhraidh litearthachta/uimhearthachta do pháistí	5
Cigireacht ar champaí samhraidh do pháistí (campaí samhraidh lán-Ghaeilge)	5
Measúnú ar chúrsaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do mhúinteoirí Bunscoile	40

Tábla 5: Gníomhaíochtaí cigireachta eile in 2016	
Cigireachtaí/measúnachtaí eile ar sholáthar do scoláirí agus daoine óga 2016	
Cuairteanna scoile (bunscoil agus iar-bhunscoil) i gcomhthéacs an *Review of the Pilot Project for the New Resource Teacher Allocation Model for Schools 2015/16*	20
Measúnú ar Choláistí Teagaisc	1
Cigireachtaí i Scoileanna Eorpacha	20
Dearbhú Cáilíochta ar riarachán PIRLS (Progress in International Reading Literacy Study)	15
Cigireacht a rinneadh i gcomhthéacs Ailt 24 den Acht Oideachais 1998	2
Iomlán na gníomhaíochta measúnachta eile	**144**

Tábla na bPrasíocaíochtaí in 2016

Achoimre ar Phrasíocaíochtaí - An Roinn Oideachais agus Scileanna		
Bliain	**2016**	
Sonraí	**Líon**	**Luach (€)**
15 lá	8,869 (75.6%)	363,944,543
16-30 lá	2,072 (17.7%)	19,609,201
30 lá+	797 (6.8%)	5,291,092
Iomlán	11,738 (100%)	388,844,836
Iomlán na Sonrasc faoi dhíospóid	15	82,756.76

Foinse: Achoimre ar thuarascálacha Ráithe in 2016 don Roinn de bhun Cinneadh Rialtais Uimh. S29296 den 19 Bealtaine 2009

Ídiú agus Caiteachais Fuinnimh

Tá d'oibleagáid ar an Roinn ídiú fuinnimh a laghdú de 33% faoi 2020 (ídiú bonnlíne in 2009). Faoi dheireadh 2016 bhí laghdú 25.7% bainte amach ag an Roinn. Tá an fheidhmíocht seo 6% chun tosaigh ar an sceideal chun sprioc 2020 a bhaint amach de réir na monatóireachta atá á déanamh ag Fuinneamh Inmharthana Éireann gach bliain. De bhreis air seo bhí laghdú 29% bainte amach ag an Roinn faoi dheireadh 2016 ar a caiteachas iomlán ar fhuinneamh i gcomparáid le 2009.

Bliain	Iomlán na nUaireanta kW a ídíodh in aghaidh na bliana	Dul chun cinn go dtí seo
2009	19,465,880.59	Bonnlíne
2010	19,738,612.41	1.40% os cionn na bonnlíne
2011	18,931,538.44	2.75% faoi bhun na bonnlíne
2012	18,624,536.99	4.32% faoi bhun na bonnlíne
2013	17,739,371.02	8.80% faoi bhun na bonnlíne
2014	16,715,580.18	14.00% faoi bhun na bonnlíne
2015	15,847,231.28	19.00% faoi bhun na bonnlíne
2016	**14,011,497.25**	**25.70% faoi bhun na bonnlíne**

Caiteachas na Roinne ar chostais fuinnimh (CBL san áireamh)

Catagóir	2009 (€)	2015 (€)	2016 (€)
Leictreachas	586,569.83	425,039	385,304.46
Gás	83,336.94	131,518	107,696.62
GPL agus Ola	43,114.87	21,936	12,716.52
Iomlán	713,021.64	**578,493**	**505,717.60**

Dul chun cinn ar ár Spriocanna Ardleibhéil i 2016

Sprioc 1 - Eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú

Tá cothú forbartha pearsanta agus folláine na bhfoghlaimeoirí ríthábhachtach chun athléimneacht a fhorbairt i bpáistí agus i ndaoine óga chun go bhforbróidh siad ina saoránaigh ghníomhacha. Tosaíocht thábhachtach don Roinn is ea réimse agus éagsúlacht rogha na n-ábhar a mhéadú do gach foghlaimeoir. Tacaíonn sé seo le rannpháirtiú an mhicléinn agus tugann sé deiseanna d'fhoghlaimeoirí scileanna agus inniúlachtaí ríthábhachtacha a fhorbairt a chuirfidh ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus leas a bhaint as deiseanna rannchuidiú go huile agus go hiomlán le forbairt ár n-eacnamaíocht agus ár sochaí. Áirítear air seo tacú le foghlaimeoirí agus daoine óga leas a bhaint an réimse is iomláine de dheiseanna foghlama ón mBunscoil agus an Iar-bhunscoil trí bhreisoideachas go dtí an ardoideachas.

Athbhreithniú ar an mBliain faoin Sprioc seo

- Cuireadh maoiniú €210m san iomlán ar leataobh i gcomhair Deontas ilbhliantúil do Bhonneagair TFC do scoileanna thar tréimhse na Straitéise Digití agus comhaontaíodh critéir le haghaidh leithdháileadh an chéad tráinse €30m den mhaoiniú seo.
- Foilsíodh Curaclam Bunscoile nua (Gaeilge agus Béarla) agus cuireadh tús le Céim 1 de chur i ngníomh an churaclaim nua i scoileanna.
- Seoladh beartas nua ar Oideachas Gaeltachta 2017-2022 chun tacú le scoileanna oideachas ardchaighdeán trí Ghaeilge a chur ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga sa Ghaeltacht.
- Cuireadh tús le 100 comhairleoir treorach breise a earcú ag an dara leibhéal. Agus é seo déanta tá líon na bpost treorach athbhunaithe ag 400 thar an dá bhliain seo caite.
- Foilsíodh sonraíochtaí nua do ghearrchúrsaí sa tSraith Shóisearach i réimsí na nAmharc-ealaíona, Nuatheangacha Iasachta agus na Fealsúnachta.
- Socraíodh maoiniú do 11 Shíceolaí Oideachais NEPS breise i Meastachán na bliana 2017 chun tús áite a thabhairt do thacaíocht do mhicléinn atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus dóibh siúd ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais.
- Cuireadh tús le cur i ngníomh píolótach curaclam nua eolaíochta (Fisic, Bitheolaíocht agus Ceimic) i 24 iar-bhunscoil.
- Cuireadh curaclam nua i bPolaitíocht agus Sochaí i ngníomh mar ábhar Ardteistiméireachta ar bhonn píolótach i 40 Iar-bhunscoil.
- Foilsíodh sonraí córas grádaithe nua na hArdteistiméireachta agus an chórais phointí i gcomhair iontrála chuig an tríú leibhéal a dtiocfaidh feidhm leo in 2017.
- Tá scór meánach na hÉireann i gcruthú macléinn sa 4ú rang (Bunscoil) agus sa 2ú bliain (Iar-bhunscoil) i mata agus eolaíocht go mór os cionn an mheánchaighdeáin idirnáisiúnta TIMMS 2015.
- Tá scoláirí na hÉireann in aois 15 bliana ar na scoláirí is fearr i dtíortha na hECFE sa léitheoireacht agus cruthaíonn siad i bhfad níos fearr ná meánleibhéal na dtíortha ECFE sa mhatamaitic agus san eolaíocht (PISA 2015)
- D'fhoilsigh BOOÉ (Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann) agus SOLAS Straitéis nua Bhreisoideachais agus Oiliúna le cuidiú teicneolaíochta (2016-2019) a bhfuil mar aidhm aici foghlaim le cuidiú teicneolaíochta a bhunú mar ghné bhunúsach de bhreisoideachas agus oiliúint in Éirinn.
- Cinntíodh maoiniú breise €36.5m don 3ú earnáil Ardoideachais in 2017 agus cinntíodh €160m eile don trí bliana dar gcionn. Is é seo an chéad infheistíocht shuntasach san earnáil le 9 mbliana anuas ar tréimhse í inar tháinig laghdú 33% (€463 milliún) ar infheistíocht ón Stát in ardoideachas, le linn tréimhse ina raibh fás ar dhéimeagrafaic.
- *Cad a dhéanann Céimithe? Rang na bliana 2014:* Foilsíodh *An Analysis of the First Destinations of University Graduates* (the First Destinations Report) in 2016. Sa tuarascáil dírítear aird ar líon mór torthaí fostaíochta dearfacha a bhí ag cohórt céimithe na bliana 2014. Ar an iomlán, tá 65% díobh i

Tá tuilleadh sonraí maidir leis seo agus faoi obair eile a rinneadh le linn 2016 faoin Sprioc seo leagtha amach anseo thíos.

1.1 Curaclam Bunscoile agus Forbairtí

1.1.1. Athchóiriú an Churaclaim

Ag an leibhéal Bunscoile bhí an Roinn ag obair as láimh a chéile leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) maidir le hathchóiriú mór a chur i ngníomh chun a chinntiú go dtugtar na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha d'fhoghlaimeoirí atá bhfuil gá leo chun eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú. Áiríodh air seo an curaclam teanga Bunscoile nua a fhoilsiú agus snáithe 1 (teanga bhéil) a chur i ngníomh ó Mheán Fómhair 2016. Cuirfear na snáithí eile, is é sin, scileanna léitheoireachta agus scríofa, i ngníomh ó Mheán Fómhair 2017. Tá an curaclam nua saincheaptha do pháistí óga ó naíonáin shóisearacha go rang a dó. Meastar go mbeidh gach snáithe den gcuraclam nua curtha i ngníomh i mbunscoileanna faoi Mheán Fómhair 2018.

Tá tús curtha le hobair ar an gcuraclam teanga bunscoile do ranganna 3 go 6. Tá dréacht-shonraíocht forbartha agus táthar chun tús a chur le comhairleoireacht ar an tsonraíocht seo faoi dheireadh 2017.

De bhreis air seo tá tús curtha le hobair maidir le struchtúr foriomlán agus leithdháileadh ama sa Churaclam Bunscoile féin. Lena chois sin táthar chun tús a chur le hobair ar an gcuraclam Bunscoile nua Matamaitice a chuirfidh san áireamh smaointeoireacht ríomha. Cuirfear tús leis an 4 bliana tosaigh den bhunscoil.

1.1.2. Creidimh Reiligiúnacha agus Eitic

Le linn 2016 chríochnaigh an NCCA tuarascáil ar thorthaí mórchomhairliúcháin le luchtanna leasa ar dhréacht-churaclam do bhunscoileanna maidir le hOideachas ar Chreidimh Reiligiúnacha agus Eitic. Beidh torthaí an phróiseas comhairliúcháin agus an chomhairle bheartais a thug an NCCA dá éis mar bhonn eolais ag na roghanna um chur i ngníomh.

1.2. Curaclam agus Forbairt na Sraithe Sóisearaí

Leanadh de Chreatlach na Sraithe Sóisearaí 2015 a chur i ngníomh le linn 2016. I mí Mheán Fómhair 2016 cuireadh na sonraíochtaí nua don tSraith Shóisearach d'Eolaíocht agus Staidéar Gnó isteach sna scoileanna.

1.2.1. Sonraíochtaí Gearrchúrsaí

Le linn 2016 lean an Roinn uirthi ag forbairt roghanna nua lena n-áirítear gearrchúrsaí agus eispéiris eile sa tSraith Shóisearach. Tá naoi gcinn de ghearrchúrsaí forbartha cheana féin ag an NCCA a fhéadfaidh scoileanna a úsáid. Lena chois sin is féidir le scoileanna gearrchúrsaí a fhorbairt go háitiúil chun freastal ar shuimeanna a gcuid foghlaimeoirí. Chríochnaigh an Roinn sonraíochtaí do ghearrchúrsaí ar Amharc-ealaíona, Nuatheangacha Iasachta (Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis) agus ar Fhealsúnacht don tSraith Shóisearach le linn 2016. Tá gearrchúrsa códúcháin ar fáil don tSraith Shóisearach ó Mheán Fómhair 2014. Taispeánfar gearrchúrsa Códúcháin críochnaithe ar Phróifíl Ghnóthachtála Sraithe Sóisearaí scoláire ó Mheán Fómhair 2017.

1.3. Curaclam agus Forbairt na Sraithe Sinsearaí

1.3.1. Fisic, Bitheolaíocht agus Ceimic

Go déanach in 2016 chuir an Roinn tús le triallacha a dhéanamh ar bhonn píolótach le sonraíochtaí Fisice, Bitheolaíochta agus Ceimice na hArdteistiméireachta i 24 scoil d'fhonn scoláirí a spreagadh chun níos mó ábhair eolaíochta a roghnú. Tá sé beartaithe na sonraíochtaí nua a chur i ngníomh go

céimneach chuig gach scoil i mí Mheán Fómhair 2019 ar choinníoll go n-éireoidh leis na triallacha, le hiniúchadh áiseanna agus sceidealú cur i ngníomh céimneach sonraíochtaí ábhar eile.

1.3.2. Polaitíocht agus Sochaí

Chuir an Roinn tús le céim 1 den gcur i ngníomh céimneach sonraíocht ábhair nua do Pholaitíocht agus Sochaí don Ardteistiméireacht chuig breis is 40 scoil i mí Mheán Fómhair 2016. Beidh Polaitíocht agus Sochaí ina ábhar roghnach Ardteistiméireachta do scoileanna agus beidh sé ar fáil do gach scoil ó 2018.

1.3.3. Eacnamaíocht agus Eolaíocht Talmhaíochta

In 2016, leanadh den obair ar sonraíochtaí nua a fhorbairt do roinnt ábhar na hArdteistiméireachta. Áirítear orthu Eacnamaíocht agus Eolaíocht Talmhaíochta.

1.3.4. Corpoideachas

Tá corpoideachas á fhorbairt ag an NCCA mar ábhar iomlán ar féidir measúnacht a dhéanamh air mar ábhar Ardteistiméireachta cosúil le hábhair eile. Críochnaíodh dréacht-shonraíocht in 2016. De bhreis air seo tá creatlach Corpoideachais don tSraith Shinsearach á ceapadh chun creatlach a chur ar fáil do scoileanna inar féidir leo clár Corpoideachais a cheapadh do na scoláirí siúd nach roghnaíonn Corpoideachas mar chuid dá scrúdú Ardteistiméireachta.

1.3.5. Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM)

Foilsíodh anailís ar Oideachas STEM i gCóras Scolaíochta na hÉireann ag an nGrúpa um Athbhreithniú Oideachais STEM (ina bhfuil roinnt Institiúidí Ardoideachais, Saineolaithe Gnó, NCCA agus Cumann Múinteoirí Matamaitice na hÉireann) in 2016. Ar na príomh-mholtaí atá déanta sa tuarascáil áirítear Ráiteas Beartais um Oideachas STEM agus Plean um Chur i nGníomh a fhoilsiú a threoróidh athchóiriú leanúnach ar theagasc agus foghlaim do réimsí STEM ar fud an chóras scolaíochta. Tá plean idir lámha an Ráiteas Beartais um Oideachas STEM agus Plean um Chur i nGníomh a fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2017. Tá cur i ngníomh 21 bheart tosaíochta atá aitheanta ag an Aire ón tuarascáil STEM ar siúl.

1.3.6. Eolaíocht Ríomhaireachta

In 2016 choimisiúnaigh an NCCA staidéar scóipe/taighde atá ag féachaint ar sholáthar d'eolaíocht ríomhaireachta i gcuraclam i roinnt tíortha. Tabharfaidh an staidéar bunús fianaise ar fáil óna bhféadfar tús a chur le forbairt sonraíocht churaclaim d'Eolaíocht Ríomhaireacht don Ardteistiméireacht in 2017.

1.4. Measúnachtaí Idirnáisiúnta (TIMMS & PISA)

Tugann an Roinn tacaíocht don Lárionad Taighde Oideachais (ERC) maidir le measúnachtaí idirnáisiúnta a riaradh i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Foilsíodh torthaí an Staidéir *Trends in International Mathematics and Science Study* (TIMSS 2015) agus an *Programm for International Student Assessment* (PISA 2015) in 2016. Déanann TIMSS measúnacht ar scileanna Matamaitice agus Eolaíochta scoláirí sa cheathrú rang sa bhunscoil agus sa dara bliain sa mheánscoil. Reáchtáiltear PISA i gceann gach trí bliana agus tá mar aidhm aige cruthú scoláirí atá 15 bliana d'aois a mheas sa léitheoireacht, sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht. Chruthaigh scoláirí Éireannacha go maith os cionn an mheánghnóthachtáil a bhain na tíortha rannpháirteacha amach. Tá níos mó feabhais ar chruthú i measc na scoláirí ag a bhfuil na gnóthachtálacha is ísle. Cé go gcruthaíonn scoláirí ardghnóthachtála in Éirinn ag an meánleibhéal nó níos airde cuireann torthaí an dá thástála in iúl nach miste é dá gcuirfí feabhas ar chruthú ár gcuid scoláirí ardghnóthachtála sa bhunscoil agus sa mheánscoil araon fós. Pléifear seo sa chéad chéim eile den Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta agus sa Ráiteas Beartais um Oideachas STEM. Foilseofar iad araon go luath in 2017.

1.5. Folláine, Bulaíocht agus Meabhairshláinte i Scoileanna

1.5.1. Suirbhé ar Scileanna Beatha

D'fhoilsigh an Roinn an ceathrú suirbhé ar scileanna beatha. Tugtar eolas ann ar a fheabhas agus a fhreastalaíonn bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fholláine a gcuid scoláirí in 2016. Beidh na sonraí ar ábhair ar nós ithe shláintiúil, gníomhaíocht choirp, mí-úsáid substaintí, Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG), bulaíocht, fiontar i scoileanna agus oideachas d'fhorbairt inbhuanaithe mar bhonn eolais do thosaíochtaí agus beartais d'folláine amach anseo.

Le linn 2016 rinneadh measúnú ar sholáthar tacaíochtaí do scoileanna maidir le meabhairshláinte agus inniúlacht shóisialta agus mothúcháin d'fhonn seirbhís níos fearr níos comhtháite a chur ar fáil. Déanfar tuilleadh machnaimh ar an réimse seo in 2017.

1.5.2. Treoirlínte Folláine

Agus *Folláine in Iar-Bhunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe (2013)* agus *Folláine i mBunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte (2015)* thug síceolaithe NEPS faoi obair leanúnach le linn 2016 le scoileanna chun glacadh agus úsáid na dtreoirlínte a chur chun cinn.

Chríochnaigh Grúpa Iniúchóireachta tras-rannóige na ROS a bhí le tuairisciú ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun cinn folláine agus meabhairshláinte san Chóras Oideachais dréacht-thuarascáil inar aithníodh saincheisteanna a gcaithfidh an Bord Bainistíochta tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu.

1.5.3. Forbairt ghairmiúil

In 2016 chuir seirbhísí tacaíochta na Roinne um fhorbairt ghairmiúil leanúnach tús le clár tacaíochta cuimsitheach do scoileanna a fhorbairt trína gcláir folláine do scoláirí a fhorbairt agus a chur i ngníomh.

1.5.4. Plean Gníomhaíochta Frithbhulaíochta

In 2016, leanadh d'obair ar ghníomhartha a chur i ngníomh sa Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht. Díríonn bearta an Phlean seo, ar thacaíocht do scoileanna, oideachas agus oiliúint, taighde agus múscailt feasachta. Ar na bearta a fuair tacaíocht in 2016 faoin bPlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht áirítear:

- D'fhoilsigh GLEN "Taithí Mhuintir LADT Ar Scoil" in 2016. Acmhainn é seo d'Iar-bhunscoileanna chun cosc a chur ar bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach agus chun tacú le scoláirí LADT. Tacóidh sé le scoileanna chun Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta na Roinne a chur i ngníomh.

- A Stand Up! Reáchtáil BeLong tionscadal píolótach do bhunscoileanna in 2016 agus seoladh tuarascáil ar an tionscadal dar teideal "All Together Now" mar aon le hacmhainní teagaisc i mí Dheireadh Fómhair 2016.

- Cuireadh maoiniú ar fáil i gcomhair athbhreithnithe ar an gClár *Stay Safe* chun tabhairt faoi shaghsanna nua riosca lena n-áirítear cibearbhulaíocht, agus chun taighde nua, barrchleachtas i gcosaint leanaí agus athruithe agus forbairtí i gcomhthéacs an oideachais maidir le beartas, soláthar agus an curaclam a chuimsiú.

- Cuireadh tús le hoiliúint fhrithbhulaíochta do Bhoird Bhainistíochta in 2016 agus cuireadh maoiniú ar fáil leis, i gcomhair 66 sheisiún frithbhulaíochta do 1288 dtuismitheoir, rud a bhí eagraithe ag Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí in 2016.

1.5.5. Straitéis Óige LADT

Le linn 2016 lean an Roinn de bheith i dteagmháil leis an Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige maidir le Straitéis Óige LADT a fhorbairt de réir an ghealltanais i gClár an Rialtais. Tá freagracht ceannais ag an Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige i dtaobh an straitéis seo a chur ar aghaidh agus na bearta ábhartha a fhorbairt.

1.6. Seirbhísí Treorach

In 2016 d'fhógair an Roinn go ndéanfaí coibhéis 100 post treorach breise faoi Mheán Fómhair 2017. Leithdháilfear an 400 post treorach atá curtha ar ais faoin am seo (as 600 a gearradh siar roimhe seo) go leithleach agus go trédhearcach agus lasmuigh den gcuóta ar sceideal na bpost.

1.7. An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna

Cuireadh tús le cur i ngníomh na Straitéise Digití do scoileanna in 2016. Bunaíodh Coiste Stiúrtha agus Grúpa Comhairleach ina bhfuil príomhluchtanna leasa chun cur i ngníomh na Straitéise a threorú, agus bhí na cruinnithe tosaigh acu in 2016. Tá plean um chur i ngníomh ceaptha agus tá príomhthosaíochtaí aitheanta. Áirítear orthu Creatlach um Inniúlacht TFC a fhorbairt do mhúinteoirí agus scoileanna; an Acmhainn um Phleanáil Ríomhfhoghlama a nuashonrú; Grúpa um Phleanáil Seirbhísí Tacaíochta a bhunú; samhailtí deachleachtais maidir le húsáid éifeachtach TFC i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnacht a fhorbairt; deontais TFC a eisiúint do scoileanna agus seirbhísí leathanbhanda feabhsaithe a chur ar fáil do bhunscoileanna. Bunaíodh grúpaí oibre chun beart a dhéanamh maidir le cuid de na príomhthosaíochtaí seo agus tá a gcuid oibre idir lámha faoi láthair.

Táthar tar éis samhailtí de dheachleachtas sa seomra ranga a fhorbairt a thaispeánann úsáid éifeachtach na TFC i dteagasc, múineadh agus measúnacht agus tá siad ar fáil do scoileanna ar thairseach oideachais oifigiúil na Roinne, Scoilnet agus tríd an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) (Teicneolaíocht san Oideachas) agus ar shuímh ghréasáin de chuid seirbhísí tacaíochta eile.

Tá TFC ina cuid dhílis de gach clár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí atá á fhorbairt. Faoin gClár um Rochtain ar Leathanbhanda do Scoileanna déanann an Roinn soláthar do nascacht idirlín a thabhairt do gach bunscoil agus iar-bhunscoil aitheanta. Ag an leibhéal iar-bhunscoile tá leathanbhanda ardluais ag gach scoil ag an bpointe seo. Ag an leibhéal bunscoile déanann an Roinn athbhreithniú leanúnach, faoin gclár reatha seo, ar seirbhísí a bheith ar fáil agus déantar scoileanna a uasghrádú nuair a thagann deis chun cinn. Faoi dheireadh 2016 bhí uasghrádú déanta ar 800 bunscoil chuig nascacht leathanbhanda níos fearr.

Mar chuid den Straitéis Dhigiteach do Scoileanna tá maoiniú €210 geallta le haghaidh Deontas ilbhliantúil do Bhonneagar TFC thar tréimhse na Straitéise. Comhaontaíodh imlitir ina mínítear critéir um dháileadh na chéad tráinse €30m den maoiniú seo in 2016 agus cuireadh tús le próiseas dáileadh an mhaoinithe. Leis an maoiniú seo tá sé i gceist Plean Ríomhfhoghlama a chur i ngníomh agus tacú leis, do gach scoil chun go neadófaidís an TFC ina gcuid teagaisc agus foghlama thar tréimhse na Straitéise.

1.8. TFC i Scoileanna

Tá an Clár TFC i Scoileanna dírithe ar an TFC a chomhtháthú sa teagasc agus foghlaim agus cuireann sé forbairt litearthacht dhigiteach na scoláirí chun cinn.

Tugann an clár faoi cheithre réimse fhairsing: soláthar bonneagar bunúsach TFC agus líonrú laistigh de scoileanna, soláthar rochtana ar nascacht leathanbhanda do scoileanna, cur le scileanna TFC

múinteoirí agus TFC a chomhtháthú sa churaclam agus inneachar digiteach agus bogearraí a bhaineann leis an gcuraclam a chur ar fáil.

Déantar straitéisí á saothrú trí obair na Roinne agus trí Theicneolaíocht san Oideachas de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST), i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, seirbhísí tacaíochta agus comhlachtaí ionadaíochta de réir mar is cuí.

1.9. Leithdháiltí Múinteoirí

In 2016 leithdháileadh beagnach 66,000 post múinteoireachta ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile. Sa phróiseas ath-imlonnaithe in 2016 rinneadh 183 múinteoir buan a ath-imlonnú ag an leibhéal bunscoile agus 66 mhúinteoir buan ag an leibhéal iar-bhunscoile. Agus próiseas ath-imlonnaithe na múinteoirí buana barrachais ag an leibhéal bunscoile críochnaithe úsáidtear painéal forlíontach ath-imlonnaithe chun poist bhuana atá fágtha a líonadh. In 2016 bhí breis is 2,080 múinteoir ar an bpainéal forlíontach ath-imlonnaithe.

1.10. Achomhairc faoi Alt 29

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 is féidir achomharc a dhéanamh chuig Ard-rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le cinneadh bord bainistíochta scoile nó maidir le duine a fheidhmíonn thar ceann bord bainistíochta chun: - scoláire a choinneáil amach go buan ón scoil, nó scoláire a chur ar fionraí ón scoil ar feadh tréimhse carntha 20 lá scoile in aon scoilbhliain amháin ar bith, nó diúltú scoláire a chur ar an rolla sa scoil. In 2016 fuair an Roinn 387 n-iarratas ar achomharc san iomlán faoi Alt 29. Coinníodh éisteacht iomlán maidir le 218 gcinn díobh seo. As na hachomhairc a fuair éisteacht iomlán seasadh le 96 cinn (44%) agus níor seasadh le 122 cheann (56%).

1.11. Teagasc Baile

Tacaíonn an scéim teagaisc bhaile le soláthar oideachais sa bhaile do pháistí a bhfuil moill orthu, ar chúiseanna éagsúla, rochtain a fháil ar áit scoile nó a bhfuil rud éigin ag cur isteach ar freastal scoile. Sa scoilbhliain 2015/2016 d'fhaomh an Roinn 332 iarratas ar Theagasc Baile faoi scéimeanna PLDS.

1.12. An Straitéis d'Oideachas Gaeltachta

Seoladh Beartas an Rialtais um Oideachas Gaeltachta 2017-2022 in 2016. Is é an sprioc uileghabhálach atá leis an mBeartas um Oideachas Gaeltachta a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais ardcháilíochta a bhaineann le hábhar ar fáil trí Ghaeilge do gach duine óg a chónaíonn i gceantair Ghaeltachta, agus, ar an gcuma seo, tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga teaghlaigh agus pobail Ghaeltachta. Go sonrach, is é an sprioc uileghabhálach a chinntiú go n-úsáideann dóthain suíomh Bunscoile, Iar-bhunscoile agus Luathóige sa Ghaeltacht an Ghaeilge mar theanga chumarsáide agus teagaisc do gach réimse foghlama (seachas Béarla agus teangacha eile) i ngach ceann de na ceantair phleanála teanga sa Ghaeltacht. Déanfaidh an Roinn maoirseacht ar chur i ngníomh an Bheartais ar bhonn céimneach breisíoch thar thréimhse cúig bliana agus cuirfidh sí le naisc atá ann cheana féin leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, le COGG agus le gníomhaireachtaí Gaeilge.

Foilseachán in 2016: *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*

1.13. Cearta an Duine na NA

Sásra de chuid Chomhairle Cearta an Duine is ea an tAthbhreithniú Tréimhsiúil Uilíoch atá dírithe ar feabhas a chur ar chás Cearta an Duine ar an bhfód i ngach ceann de 193 Bhallstát na Náisiún Aontaithe. Bhí ionadaíocht ag an Roinn ar thoscaireacht na hÉireann le linn scrúdú na hÉireann faoi Thimthriall 2 den bpróiseas Athbhreithnithe Thréimhsiúil Uilíoch de chuid na NA sa Ghinéiv i mí Bhealtaine 2016.

Lena chois sin bhí ionadaíocht ag an Roinn ar thoscaireacht na hÉireann le linn scrúdú ar chur i ngníomh Coinbhinsiún um Chearta an Linbh in Éirinn a bhí á dhéanamh ag Coiste na NA um Chearta an Linbh sa Ghinéiv i mí Eanáir 2016.

1.14. An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Tugann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais comhairle agus cúnamh díreach do scoileanna ag a bhfuil teagmhais chriticiúla, tarlú trámach a chuireann isteach ar phobal na scoile agus a chuireann teorainn ar a cumas feidhmiú. Cuirtear an tseirbhís ar fáil má iarrtar é. Le linn 2016 tugadh na treoirlínte a tugadh do scoileanna chun teagmhais chriticiúla a bhainistiú (Freagairt do Theagmhais Chriticiúla - Treoirlínte agus Ábhair Acmhainne do Scoileanna) cothrom le dáta le heolas agus comhairle nua nó athbhreithnithe, gnéithe faoi fhéinmharú / féinmharú amhrasta agus faoi úsáid / ábharthacht na meán sóisialta nua san áireamh

Foilseachán in 2016: *Ag freagairt do Theagmhais Chriticiúla - Treoirlínte agus Ábhair Acmhainne do Scoileanna*

1.15. An Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna le Cuidiú Teicneolaíochta

Foilsíodh an chéad straitéis d'fhoghlaim i mBreisoideachas agus Oiliúint le cuidiú Teicneolaíochta in 2016 agus tá sí ar fáil ag http://www.solas.ie/SolasPdfLibrary/TEL_Strategy.pdf.

Mar thoradh ar an straitéis a chur i ngníomh tiocfaidh feabhas mór ar rochtain d'fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna agus iad oilte agus muiníneach ó thaobh úsáid na teicneolaíochta mar chuid dá gcuid oibre, staidéir agus saoil bhaile agus a bhfuil níos mó rannpháirtíochta acu agus a bhaineann níos mó amach trína gcuid foghlama.

1.16. Ardoideachas

Tá clár nuachóirithe agus athchóirithe nach raibh a leithéid ann riamh ar siúl sa Chóras Ardoideachais in Éirinn. Tá d'aidhm ag cur i ngníomh na Straitéise Náisiúnta d'Ardoideachas go 2030 córas ardoideachais a fhorbairt a thabharfaidh an t-eolas agus na scileanna do dhaoine atá riachtanach chun saol saibhir sásúil a chaitheamh agus chun a aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shóisialta eacnamaíocha atá roimh Éirinn.

Ar phríomhghnéithe den gClár Athchóirithe Ardoideachais áirítear Creat Feidhmíochta Córais a thabhairt isteach agus é seo a bheith ailínithe le maoiniú feidhmíochta. Leagtar amach inti tosaíochtaí náisiúnta agus seacht gcinn de phríomhchuspóirí córais don gcóras ardoideachais a gcuirfear institiúidí ardoideachais i gcomparáid leo trí mhonatóireacht agus atá ina bonn don gcomhaontú comhshocruithe idir an Údarás Ardoideachais agus Institiúidí Ardoideachais a dhéanann soláthar d'aidhmeanna agus bearta a bhaineann le teagasc, foghlaim agus rannpháirtíocht níos fearr; forbairt agus athstruchtúrú córais lena n-áirítear: cumaisc, braislí réigiúnacha agus athchóiriú an chórais oideachais mhúinteoirí a bhí ann ar dtús.

1.16.1. Tuarascáil ar an gCreat Feidhmíochta Córais 2016

Foilsíodh an dara Tuarascáil ar Fheidhmíocht Chórais go déanach in 2016 agus is inti a rinneadh athbhreithniú ar fheidhmíocht an chórais ardoideachais maidir leis na blianta 2014 agus 2015 i réimsí criticiúla ar nós rochtain agus a fhreagrúlacht i leith riachtanais scileanna an gheilleagair.

Sa tuarascáil mínítear mar atá Córas Ardoideachais na hÉireann ag cruthú i gcomparáid le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Taispeántar inti go bhfuil an córas ardoideachais ag dul i méid i gcónaí agus go bhfuil níos mó macléinn ag clárú. Lena chois sin taispeántar go bhfuil líon na gcéimithe atá á sholáthar don margadh saothair ag méadú. Ar an iomlán tháinig méadú ar líon na macléinn san earnáil ó 196,000 in 2011/12 go 210,000 in 2014/15. De bhreis air an bhfás ginearálta seo cuireadh cláir

bhreise ar bun chun tabhairt faoi riachtanais scileanna ar leith tríd an gclár Lingchlár+ agus na tionscnaimh scileanna TFC.

1.16.2. Creat Feidhmíochta Córais 2017 - 2021

Geallann an Roinn go leagfar amach fís ilbhliantúil do thodhchaí an Ardoideachais a ndéanfar Creat Feidhmíochta Córais nua a fhorbairt lena linn don Ardoideachas i gcomhair na tréimhse go 2021. Sa Chreat Feidhmíochta Córais nua cuirfear in iúl na tosaíochtaí agus na cuspóirí náisiúnta don gcóras ardoideachais thar na blianta atá romhainn.

1.16.3 Fóram Teagaisc agus Foghlama

Príomh-bhonneagar ag leibhéal an chórais is ea an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama chun teagasc agus foghlaim in ardoideachas na hÉireann a chur chun cinn. Tá an Fóram Náisiúnta rannpháirteach i roinnt gníomhaíochtaí atá dírithe ar an eispéireas foghlama agus teagaisc den cháilíocht is fearr a sholáthar do mhicléinn. Tá sé ag díriú ar 'breisluach a chur leis' trí struchtúr a chur ar fáil inar féidir tionscnaimh institiúide agus tionscnaimh líonra a chomhcheangal go héifeachtúil agus a ghiaráil chun tacú le pobal fuinniúil i mbun gníomhaíochta ag leibhéal an ghnáthphobail.

D'fhoilsigh an Fóram an "*Roadmap for Enhancement in A Digital World 2015–2017*" dá chuid a fheabhsaíonn an bonn scileanna do rannpháirtíocht i dteicneolaíochtaí agus oideolaíochtaí digiteacha. Tá gá le measúnú a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach, ar bhearnaí agus tá gá le tosaíochtaí a bheidh ann amach anseo a aithint d'fhonn a chinntiú go n-éireoidh lena chur i ngníomh. Reáchtálfar imeacht náisiúnta seachtaine a dhíreoidh isteach ar muinín a chothú i scileanna digiteacha sa phobal i mí Aibreáin 2017.

In 2016 d'fhoilsigh an Fóram Náisiúnta Creat Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil do gach ball foirne a mhúineann san ardoideachas agus tá togra píolótach ar siúl leis faoi láthair.

Tacóidh an ciste um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama 2016 leis an earnáil ardoideachais d'fhonn an soláthar atá ann cheana féin a ailíniú leis an gcreat nua chun soláthar a fhorbairt do cheannairí i bhfeabhsú teagaisc agus foghlama agus/nó do churaidh dhigiteacha. Lena chois sin tabharfaidh sé deiseanna chun grúpaí fócasaithe a thraenáil a shainaithneoidh a gcuid riachtanais forbartha gairmiúla ar leith agus a thabharfaidh fúthu.

1.16.4 *Innovation* 2020

I mí na Nollag 2015 d'fhoilsigh an Rialtas *Innovation 2020,* straitéis 5-bliana na hÉireann do thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht. Ar phríomhspriocanna na Straitéise áirítear an infheistíocht iomlán i dT&F in Éirinn a mhéadú go 2.5% d'OTI faoi cheannaireacht na hearnála príobháidí. Is ea a bheadh i gceist leis sin go ndéanfaidh an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí infheistiú breis is €5 billiún in aghaidh na bliana i dT&F faoin mbliain 2020. Ba ionann sin agus dúbailt na leibhéal infheistíochta atá ann faoi láthair, nach mór. Ar spriocanna taighde na Roinne atá le seachadadh ag an straitéis áirítear:

- méadófar clárúcháin máistreachtaí agus dochtúireachtaí taighde faoi 30%, go 2,250;
- tabharfaidh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn isteach Clár maoinithe nua do Thaighde beag beann ar Theorainneacha.

Tá Grúpa um Chur i nGníomh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh na mbearta éagsúla faoin Straitéis.

Cuireadh maoiniú €1.5m ar fáil i mBuiséad 2017 chun a chur ar cumas na Comhairle um Thaighde in Éirinn tús a chur le Beart ar an gClár Taighde beag beann ar Theorainneacha. Tá maoiniú chun an clár seo a leathnú agus do Bhearta eile faoi Innovation 2020 á lorg faoin athbhreithniú Caipitil lár-théarma.

1.16.5 Ollscoileanna Teicneolaíochta

Maidir le hearnáil na n-institiúidí teicneolaíochta, mhol an Straitéis Náisiúnta d'Ardoideachas go 2030 athchóirithe móra chun a chur ar chumas na hearnála freastal ar chuspóirí straitéiseacha náisiúnta. Go háirithe, mhol an Straitéis go ndéanfaí comhdhlúthú laistigh den earnáil agus bealach éabhlóidithe do na hinstitiúidí teicneolaíochta comhdhlúite sin chun slí a thabhairt dóibh a thaispeáint go bhfuil dul chun cinn suntasach á dhéanamh acu atá á thomhas trí chritéir fheidhmíochta láidre agus iarratas a dhéanamh ar stádas ollscoileanna teicneolaíochta a bhaint amach.

Tá an Bille Ollscoileanna Teicneolaíochta at liosta Páipéir Ordú na Dála agus ag feitheamh ar Chéim an Choiste. Bhí roinnt seisiún comhairliúcháin ag oifigigh na Roinne leis na luchtanna leasa uile maidir leis na gnóthaí a pléadh le linn an phróisis reachtaíochta agus na gealltanais atá i gClár an Rialtais araon. Is é atá i gceist an reachtaíocht seo a chur ar aghaidh a luaithe agus atá an próiseas comhairliúcháin seo tugtha chun críche.

1.16.6 Aistriú chuig Ardoideachas

Tá an Roinn ag obair as láimh a chéile leis na luchtanna leasa lena mbaineann, an tÚdarás Ardoideachais, an NCCA, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus na hinstitiúidí ardoideachais san áireamh, d'fhonn réimse bearta a fhorbairt atá ceaptha chun tacú le haistriú scoláirí dara leibhéil chuig an ardoideachas mar chuid den nGrúpa Stiúrtha um Athchóiriú Aistrithe. Tá na hathruithe nua ar chóras grádaithe na hArdteistiméireachta agus ar an gCóras Pointí d'iontráil chuig an tríú leibhéal a mbeidh feidhm leo ó 2017 le feabhas a chur ar eispéireas foghlama na scoláirí agus brú na bpointí ar na scoláirí a laghdú. Athróidh sé fócas na foghlama san Ardteistiméireacht trí feidhmíocht a chúiteamh ar bhealaí nua agus trí fhoghlaim ardleibhéil a spreagadh. Laghdóidh bandaí gráid níos leithne an brú atá ar scoláirí gnóthachtálacha imeallacha a bhaint amach i scrúduithe agus spreagtar iad chun tabhairt faoi gach ábhair le níos mó fuinnimh. Le linn 2016 cuireadh foghrúpa um Chumarsáid agus Taighde ar bun agus foilsíodh eolas agus doiciméadú mionsonraithe maidir leis na hathchóirithe seo.

De bhreis air seo tá an cheist faoi iontráil d'fhochéimithe a leathnú scrúdaithe ag an nGrúpa Stiúrtha um Athchóiriú Aistrithe d'fhonn líon na mbealaí iontrála d'fhochéimithe a laghdú. Fógraíodh é seo ní hamháin mar shlí chun castacht an rogha atá ag scoláirí dara leibhéil agus leibhéal na hiomaíochta atá faoin gcóras a laghdú ach mar dheis eispéireas i bhfad níos fairsinge a thairiscint d'fhochéimithe a bheidh ag tabhairt faoi speisialú níos déanaí ina gcéimeanna. Tá na forbairtí seo ar aon dul leis an nuachóiriú curaclam agus measúnachta fochéimithe atá idir lámha in institiúidí thar córas an ardoideachais. Tá sé ceaptha chun tabhairt faoin gceist um iontráil d'fhochéimithe a leathnú mar chuid den chéad Chreat Feidhmíochta Córais eile atá chugainn anois.

1.16.7 Rátaí Críochnaithe / Coinneála

Foilsíodh an tuarascáil is déanaí ón ÚAO ar choinneáil agus dul chun cinn dar teideal *'A Study of Progression in Higher Education 2012/13 to 2013/14'* i mí Eanáir 2016. Is í seo an ceathrú ceann i sraith anailísí ar dhul chun cinn atá eisithe ag an ÚAO. Pléitear na hiontrálaithe nua fochéime 1ú bliana siúd a bhí cláraithe sa bhliain acadúil 2012/13 agus leanann sé iad go dtí an chéad bhliain acadúil eile, 2013/14. Tugann an tuarascáil anailís dhomhain ar na rátaí ag nach ndéantar dul chun cinn de réir leibhéal Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí, earnála, disciplín, inscne, aoise, náisiúntachta agus grúpa sóch-eacnamaíoch. Aithníodh mórán tosca mar thosca a imríonn tionchar ar an seans go ndéantar dul chun cinn, cosúil le hInscne, Aois ag an tús, gnóthú oideachais roimhe seo, náisiúntacht agus grúpáil shóch-eacnamaíoch.

Taispeánann an tuarascáil go ndearna 84% d'iontrálaithe nua fochéime dul chun cinn in 2012/13 chuig an dara bliain staidéir in 2013/14. Bhí athrú ar an ráta ag nach ndearnadh dul chun cinn in 2012/13 laistigh de na hearnálacha agus idir na hearnálacha, i raon ó 26% agus 28% ag leibhéil 6 agus 7 agus i raon go 17%, 11% agus 6% ag leibhéal 8 in ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus coláistí faoi seach.

Léiríonn an tuarascáil gurbh é 15% an ráta ag nach ndearna iontrálaithe nua dul chun cinn in 2007/08 agus gur fhan sé ag 16% ó 2010/11 go 2012/13. Athraíonn rátaí dul chun cinn ar fud na hearnála agus idir disciplíní áfach, agus déanfar tuilleadh oibre d'fhéachaint conas is fearr is féidir tacú le micléinn go leanfaidh siad dár gcúrsaí nó go n-aistreoidh siad chuig clár eile.

Déanann an tÚAO monatóireacht tríd an bpróiseas um Fheidhmíocht Chórais agus Idirphlé Straitéiseach ar rátaí dul chun cinn laistigh d'Institiúidí ar bhonn bliantúil. Tuairiscíonn Institiúidí ar bhearta coinneála atá acu laistigh dá n-institiúidí chun dul i ngleic le rátaí arda teipe dul chun cinn a dhéanamh.

1.16.8 Tuarascáil ar na Céad Spriocanna de chuid na hÚAO: Céimithe 2015

Cad a dhéanann Céimithe? Rang na bliana 2014: Foilsíodh *An Analysis of the First Destinations of University Graduates* (the First Destinations Report) in 2016. Ba é seo an 34ú suirbhé ar chéimithe agus is treoir é chuig torthaí céimithe naoi mí tar éis dóibh an chéim a fháil.

Tugann an suirbhé eolas cuimsitheach ar spriocanna céimithe ón 7 n-Ollscoil. Níl céimithe ó Institiúidí Teicneolaíochta san áireamh sa suirbhé fós.

D'fhreagair breis is 18,500 céimí ó chláir ag leibhéal 8 -10 sna hinstitiúidí don suirbhé. Ba ionann sin agus 69% den gcohórt iomlán. Sa tuarascáil dírítear aird ar líon mór torthaí fostaíochta dearfacha a bhí ag cohórt céimithe na bliana 2014. Ar an iomlán, tá 65% díobh i bhfostaíocht agus tá 82 faoin gcéad díobh seo fostaithe in Éirinn.

Foilseachán in 2016: *What do Graduates Do? The Class of 2014: An Analysis of the First Destinations of University Graduates* (the First Destinations Report)

1.16.9 Freagra Maoinithe i mBuiséad 2017

Shocraigh an Roinn infheistíocht thosaigh €36.5m don earnáil 3ú leibhéil an bhliain seo chugainn agus €160m thar an tréimhse 3 bliana seo chugainn. Cuirfidh seo ar chumas na Roinne coinneáil bord ar bord le méaduithe déimeagrafacha agus tabharfaidh sé isteach tionscnaimh i réimsí tosaíochta, go háirithe míbhuntáiste, scileanna, taighde agus foghlaim sholúbtha. Bainfidh na mílte macléinn leas as an maoiniú faoi gach ceannteideal díobh seo.

Sprioc 2 - Feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó na bhfoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Tá na prionsabail um chuimsiú agus rochtain do chách i gcroílár ár gcur chuige chun ár gcóras oideachais agus oiliúna a chur chun cinn d'fhonn a chinntiú go dtacófar le páistí agus le daoine óga ó chúlraí éagsúla mar is cuí agus gur féidir leo leas a bhaint as an deis a n-acmhainneacht a uasmhéadú trí fhoghlaim. D'fhonn an sprioc seo a bhaint amach tá réimse straitéisí ag an Roinn chun cabhrú agus tacú leo siúd ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta nó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus chun iad a spreagadh chun leas a bhaint as seirbhísí oideachais agus oiliúna d'ardchaighdeán.

Athbhreithniú ar an mBliain faoin Sprioc seo

- Le linn 2016 forbraíodh plean gníomhaíochta ar mhaithe le cuimsiú oideachais. Mar chuid den bplean seo forbraítear próiseas nua sainaitheanta do mheasúnacht scoileanna ó thaobh míbhuntáiste oideachais de, agus cinntíodh maoiniú €5m i gcomhair 2017 agus €15m i mbliain iomlán i mBuiséad 2017 chun tacú leis an bplean.
- Caitheadh €382 ar thacaíochtaí deontais do mhicléinn in 2016. Chuaigh seo chun leasa do thuairim is 83,000 macléinn. Is ionann sin agus méadú 3,000 tairbhí i gcomparáid leis an mbliain acadúil 2015/2016.
- Soláthar 600 múinteoir acmhainne breise chuig scoileanna chun tacú le páistí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.
- Lena chois sin rinneadh soláthar i mBuiséad 2017 do 900 múinteoir riachtanais speisialta. Tacóidh siad le tús a chur leis an tSamhail nua um Leithdháileadh Múinteoirí Acmhainne ó mhí Mheán Fómhair 2017.
- Rinneadh soláthar do choibhéis lánaimseartha 13,015 chúntóirí riachtanas speisialta sa bhliain acadúil 2016/2017. Is ionann sin agus méadú 8% (975) ar líon na gCúntóirí Riachtanas Speisialta a bhí ar fáil do scoileanna sa scoilbhliain 2015/2016.
- Feidhmíodh go céimneach Clár Náisiúnta nua um Ardoideachas do Chomhordaitheoirí Cuimsithe i Suímh Luathóige, rud a chuir áiteanna ar fáil do 900 cleachtóir gach bliain go ceann ceithre bliana.
- Cuireadh €900,000 ar fáil san iomlán don gClár um Rochtain ar an Ardoideachas (PATH) atá dírithe ar rochtain ar oideachas múinteora a mhéadú ó ghrúpaí ar a ndírítear sa Phlean Rochtana Náisiúnta.
- Foilsíodh athbhreithniú ar Chiste Cúnaimh do Mhicléinn (Rochtain ar Ardoideachas). Bhain 15,772 mac léinn san iomlán leas as an gCiste Cúnaimh do Mhicléinn sa bhliain acadúil 2015/16.
- Ardaíodh caiteachas ar Bhearta Rochtana Tríú Leibhéil €3m go €19.2m i dtaca leis an mbliain airgeadais 2016.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis na rudaí seo agus rudaí eile a baineadh amach faoin Sprioc seo leagtha amach anseo thíos.

2.1 Rochtain agus Cuimsiú i Suímh Luathóige

In 2016 lean an Roinn uirthi ag cur Síolta, an creat ardcháilíochta don oideachas Luathóige, i bhfeidhm ar fud na hearnála. Tá ról ceannaireachta ag an Roinn i bhfeidhmiú céimneach an Tionscnaimh Náisiúnta Síolta Aistear i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA). Oibríonn an Roinn as láimh a chéile leis an Roinn Leanaí agus

Gnóthaí Óige agus leis an tSeirbhís Tacaíochta Luathóige, Tús Níos Fearr agus eagraíochtaí eile chun prionsabail cháilíochta a scaipeadh go forleathan ar fud na suíomh luathóige.

Mar chuid den bhfeabhsú cáilíochta i suímh Luathóige tá sé fíorthábhachtach an fórsa saothair a fhorbairt. Mar chuid den sprioc níos leithne seo comhairlíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, mar rannpháirtí ar bhord comhairleach um cháilíochtaí, faoi cháilíochtaí atá le cur san áireamh i mbunachar sonraí cáilíochtaí a úsáideann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun critéir chonartha agus critéir rialaithe a bheidh i bhfeidhm amach anseo a mheas.

In 2016, tar éis suirbhéanna a bheith críochnaithe in 2015 ar fhostaithe agus cleachtóirí san earnáil luathóige faoi cháilíocht cláir bhreisoideachais agus ardoideachais in oideachas luathóige d'fhothaigh an Roinn torthaí na suirbhéanna sin isteach sa dara céim den Athbhreithniú ar chláir oideachais agus oiliúna i Cúram agus Oideachas Luathóige (ECCE). Ina dhiaidh sin choimisiúnaigh an Roinn athbhreithniú ar phróifílí ról gairme in Éirinn i gCúram agus Oideachas Luathóige (ECCE) a rinne Mathias Urban ó Ollscoil Roehampton. Chuir an Dr. Urban torthaí tosaigh i láthair ag an bhFóram Luathóige i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag 2016 agus tá an tuarascáil dheiridh le teacht faoi dheireadh mhí Eanáir 2017.

2.1.1 Tús Luath/Sráid Rutland

Bunaíodh an Clár Réamhscoile Tús Luath in 1994/95 i 40 Bunscoil i gceantair ainmnithe faoi mhíbhuntáiste i gcathracha ar fud na tíre. Is é atá i gceist leis an togra ná clár oideachais chun forbairt iomlán a chur chun cinn, cabhrú chun cosc a chur ar theip ar scoil agus cúiteamh a dhéanamh ar iarmhairtí an mhíbhuntáiste shóisialta. Is féidir leis an gclár freastal ar 1,650 páiste. Íoctar maoiniú caipitíochta €95.23 in aghaidh na bliana i dtaobh gach páiste a bhaineann leas as Tús Luath. De bhreis air seo faigheann gach aonad iomlán agus gach leath-aonad maoiniú neamh-phá i dtaobh deontas tionscnaimh nua i gcomhair ábhar/trealaimh mar aon le deontas bliantúil chun rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a chothú. In 2016 íocadh maoiniú neamh-phá dar luach €0.251m le hAonaid Tús Luath.

2.1.2 Ag Tacú le Cuimsiú agus Éagsúlacht i Suímh Luathóige

Tá ról ceannais ag an Roinn i gcónaí i dtaobh gnéithe den tionscnamh AIM a stiúradh agus a chur i ngníomh chun tacú le rochtain ar ionaid ECCE (réamhscoil uilechoiteann saor in aisce) do pháistí faoi mhíchumas. D'iarr an Roinn, i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Údarás Ardoideachais maoiniú cuntais díomhaoin €500 míle agus thug conradh do chuibhreannas soláthraithe ardoideachais chun clár náisiúnta do dhámhachtain shainchuspóra ardoideachais a sholáthar a chuirfear ar fáil saor in aisce do bhall foirne amháin i ngach suíomh luathóige. Leis an gcáilíocht seo beidh breis scileanna faighte ag na cleachtóirí seo chun gur féidir leo feidhmiú mar Chomhordaitheoirí Cuimsithe. Ról tábhachtach é seo a aithníodh mar ról ina dtacaítear le páistí faoi mhíchumas sa réamhscoil. Tá an tionscnamh á mhaoiniú ag an dá Roinn agus cuirfidh sé ar chumas 900 cleachtóir in aghaidh na bliana, go ceann ceithre bliana, tabhairt faoin gclár seo a sheachadtar ar shlí sholúbtha, agus é a chríochnú.

2.2 Plean Gnímh ar mhaithe le Cuimsiú

Le linn 2016 chuir an Roinn pleananna chun cinn i gcomhair plean gnímh nua um chuimsiú oideachais ina mbeidh Creat Measúnachta nua láidir trédhearcach chun scoileanna a aithint agus acmhainní a leithdháileadh faoi Chlár Tacaíochta Scoile nua. Beidh creat cuimsitheach monatóireachta agus measúnachta i bhfeidhm air seo agus cuimseoidh sé tacaíocht fheabhsaithe do cheannaireacht scoile, cruthófar líonraí agus braislí do mhúinteoirí agus scoileanna, beidh comhtháthú níos fearr idir obair scoileanna agus tacaíochtaí don bpobal áitiúil, agus bainfear níos mó úsáide as an gclár caidrimh Scolaíocht Bhaile.

Is é DEIS príomhthionscnamh beartais na Roinne chun dul i ngleic le míbhuntáiste san oideachas ag an leibhéal scoile. I bplean DEIS na bliana 2017 leagfar amach an fhís d'idirghabhálacha a dhéanfar amach anseo i réimse chriticiúil an bheartais um mhíbhuntáiste oideachais agus bainfear tairbhe as a bhfuil bainte amach cheana féin ag scoileanna a ndeachaidh na tacaíochtaí breise atá ar fáil faoin gclár chun sochair dóibh.

Tá dhá phríomhghné ann a bheidh mar chuid den bPlean:

• Próiseas aitheanta nua a fhorbairt chun scoileanna a mheas ó thaobh míbhuntáise oideachais de;

• An Clár Tacaíochta Scoile DEIS a thabhairt cothrom le dáta. Is é atá i gceist leis an gclár ná 'beart' iomlán na dtacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna atá rannpháirteach sa chlár d'fhonn feabhas a chur ar thorthaí oideachais sna scoláirí siúd is mó atá i mbaol nach mbainfidh siad lán a n-acmhainneachta amach de dheasca a gcúinsí sóch-eacnamaíocha.

Beidh an comhairliúchán fairsing a rinneadh le linn 2016 le príomh-luchtanna leasa, comhpháirtithe oideachais, lucht acadúil, cleachtóirí agus soláthraithe seirbhíse, mar bhonn eolais faoi ábhar plean DEIS 2017.

2.3 Cothromas Rochtana ar an Ardoideachas

2.3.1 Deontais do Mhicléinn

Fuair Tacaíocht Chomhchoitinn do Mhicléinn in Éirinn (SUSI) 105,000 iarratas don bhliain acadúil 2016/17. Cáileoidh tuairim is 83,000 díobh seo i gcomhair tacaíocht deontais. Is ionann sin agus méadú 3,000 tairbhí i gcomparáid le 2015/2016. Caitheadh tuairim is €382m ar thacaíochtaí deontais do mhicléinn in 2016.

Foilseachán in 2016:

- *Scéim Deontais do Mhic Léinn 2016 (I.R. Uimh. 153 de 2016),*
- *Rialacháin Tacaíochta do Mhicléinn 2016* (I.R. *Uimh. 154 de 2016)*
- *Rialacháin an Achta um Thacaíocht do Mhicléinn 2011 (Daoine forordaithe) 2016 (I.R. Uimh. 139 de 2016).*

2.3.2 Bord Achomhairc um Dheontais do Mhicléinn

In 2016 tháinig Bord Achomhairc um Dheontais do Mhicléinn le chéile 25 uaire. D'éist an Bord tuairim is 700 achomharc ó mhicléinn a raibh cinntí a rinne oifigigh achomhairc ina n-ábhar gearáin acu. I mí Mheán Fómhair 2016 ceapadh Bord nua chun feidhmiú sa dara téarma oifige. Beidh téarma oifige cúig bliana ag an mBord seo go mí Mheán Fómhair 2021.

2.3.3 An Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas Plean Rochtana 2015-2019 agus Bearta gaolmhara um Rochtain ar an Tríú Leibhéal

Sa phlean a foilsíodh in 2015 tá bearta atá ceaptha chun rannpháirtíocht san ardoideachas a láidriú do spriocghrúpaí. Cuireadh Grúpa Stiúrtha agus dhá fho-ghrúpa oibre chun tacú le cur i ngníomh an Phlean um Rochtain ar bun in 2016. Socraíodh leithdháileadh breise €3m i leith bearta chun tacú le rochtain i mBuiséad 2016. Rinneadh dul chun cinn ar chuid de na bearta sa Phlean le linn 2016.

D'eisigh an tÚAO Glao ar Thograí faoi Snáithe 1 de PATH chuig 6 Lárionad Oideachas Múinteora. Lorgaíodh tograí chun rannpháirtíocht in oideachas múinteora tosaigh a mhéadú trí rochtain ar spriocghrúpaí. Rinneadh measúnú ar thograí a cuireadh isteach i mí na Nollag 2016.

Foilsíodh measúnú ar an gCiste Cúnaimh do Mhicléinn agus coimisiúnaíodh athbhreithniú ar an gCiste do Mhicléinn faoi Mhíchumas. Eisíodh iarratas ar thairiscintí chun Plean Sonraí um Chothromas

Rochtana a fhorbairt d'fhonn tuilleadh forbartha maidir le tiomsú sonraí rochtana agus anailís a dhéanamh. Coimisiúnaíodh athbhreithniú ar na baic ar rannpháirtíocht tuismitheoirí aonair san ardoideachas agus críochnófar é in 2017.

Bhain 15,772 mac léinn san iomlán leas as an gCiste Cúnaimh do Mhicléinn sa bhliain acadúil 2015/16. Bhain breis is 11,000 macléinn leas as an gCiste do Mhicléinn faoi Mhíchumas sa bhliain acadúil 2015/16. San iomlán caitheadh €19.2m sa bhliain airgeadais 2016 ar Bhearta um Rochtain ar an Tríú Leibhéal.

2.3.4 Scoláireachtaí agus Scéim Sparántachta

Bhí 51 tairbhí Scoláireachta agus 413 tairbhí Sparántachta sa bhliain acadúil 2016/17 agus caitheadh €1.3m san iomlán sa bhliain airgeadais 2016. Méadú 7% é seo ar líon na dtairbhí i gcomparáid leis an mbliain acadúil 2015/2016.

2.3.5 An Grúpa Oibre um Teip an Ardoideachas a chríochnú

Bunaíodh grúpa oibre tar éis fiosrú scóipe a bheith déanta ag an tÚdarás Ardoideachais (ÚAO) i lár 2016, chun ceisteanna maidir le teip an ardoideachas a chríochnú agus rochtain is cuimsiú spriocghrúpaí in oideachas leanúnach a scrúdú. Meastar go gcríochnóidh an grúpa a chuid oibre agus agus tabharfaidh moladh a bhféachfaidh an Roinn air go luath in 2017.

2.3.6 Tuismitheoirí Aonair

Le linn 2016 choimisiúnaigh an Roinn tuarascáil ar na baic atá roimh thuismitheoirí aonair rochtain a dhéanamh ar an oideachas. Foilsíodh na torthaí go déanach in 2016. Féachfaidh an Roinn ar na torthaí seo agus tabharfaidh moltaí maidir le bearta chun dul i ngleic leis na baic ar rochtain seo in 2017.

2.4 Rochtain ar Bhreisoideachas agus Oiliúint do Ghrúpaí faoi Mhíbhuntáiste

Le linn 2016 lean na BOO orthu ag obair as láimh a chéile leis na hOifigí Intreo faoi phrótacail nua. Leathnaíodar soláthar do ghrúpaí cliant na Roinne Coimirce Sóisialaí de réir Cosáin chuig an Obair 2016-2020. Ar an iomlán síníodh 12 den 13 phrótacal a bhunaíonn creata oibriúcháin idirghníomhaireachta idir BOOnna agus oifigí réigiúnacha na Roinne Coimirce Sóisialaí agus tá siad go léir i mbun oibriúcháin

Tá cuimsiú gníomhach ar na ceithre sprioc straitéiseacha atá mar bhonn agus taca faoin Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019 agus tá sé dírithe ar tacú le daoine i ngach aoisghrúpa agus gach cumais chun gur féidir leo páirt a ghlacadh i mbreisoideachas agus oiliúint. D'fhonn tacú leis an sprioc seo coimisiúnaigh SOLAS tionscadal taighde chun baic ar rannpháirtíocht i mBreisoideachas agus Oiliúint a aithint in 2016. Foilseofar na torthaí go luath in 2017. Féachfaidh an taighde le réitigh a mholadh chun déileáil le baic, na réitigh a chur in ord tosaíochta agus moltaí a thabhairt chun a chinntiú go mbeidh an beartas ar rochtain agus rannpháirtíocht éifeachtach agus seasmhach i gcónaí.

2.5 Cuimsiú Sóisialta

Go déanach in 2016 chuir an Roinn pleananna chun cinn d'fhonn cur chuige comhtháite cúrsa beatha a fhorbairt i leith míbhuntáiste oideachais a chomhrac. Fothófar é seo isteach i ráiteas beartais foriomlán beartaithe ar chuimsiú sóisialta san oideachas le linn 2017.

2.6 Riachtanais Oideachais Speisialta

2.6.1 Ag freastal ar Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta

Déanann an Roinn maoirseacht ar réimse tacaíochtaí agus seirbhísí oideachais do pháistí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta i scoileanna príomhshrutha agus i scoileanna speisialta. Áirítear orthu

múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, teicneolaíocht chúnta, trealamh speisialta, caipitíocht ardaithe agus socruithe iompair speisialta.

Geallann an Roinn go gcinnteoidh sí go mbeidh rochtain ar oideachas ag gach páiste ag a bhfuil riachtanas oideachais speisialta atá oiriúnach dá chuid riachtanas. Ba é an rogha is fearr é dá gcuirfí an t-oideachas ar fáil i suímh chuimsitheacha i scoileanna príomhshrutha trí líonra na mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Mura féidir freastal ar pháistí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta i suímh phríomhshrutha, soláthraíonn an Roinn áiteanna i ranganna agus scoileanna speisialta.

Tá an Chomhairle Náisiúnta d'Oideachas Speisialta (NCSE) freagrach as iarratais ó scoileanna ar thacaíochtaí do pháistí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu a phróiseáil.

2.6.2 Tacaíochtaí Dírithe arna soláthar do scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta i Scoileanna Príomhshrutha agus i Scoileanna Speisialta

Faoi dheireadh 2016 bhí coibhéis lánaimseartha 12,501 mhúinteoir tacaíocht foghlama agus acmhainne i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna príomhshrutha ag tabhairt tacaíocht teagaisc bhreise do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. De bhreis air sin sholáthraigh 1,180 múinteoir oideachas do pháistí a bhí ag freastal ar scoileanna speisialta ina raibh cóimheas scoláire múinteora íslithe idir 6:1 agus 11:1 de réir catagóiriú míchumais.

Tugtar tacaíocht leis, do pháistí ag a bhfuil riachtanais chúraim speisialta, obair a dhéanann cúntóirí riachtanas speisialta (SNA). Bhí soláthar á dhéanamh do 12,900 bpost SNA (coibhéis lánaimseartha) faoi dheireadh 2016 chun cúram a thabhairt do pháistí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta. I mBuiséad 2017 rinneadh soláthar do 115 phost SNA breise suas go mí Mheithimh 2017. Beidh 12,015 phost SNA san iomlán ar fáil i gcomhair a leithdháileadh ansin.

Tugadh 1,840 deontas do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta le linn 2016 chun saintrealamh a cheannach a chabhróidh le páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta sa seomra ranga. Áirítear ar an trealamh a soláthraíodh córais réimse fuaime do pháistí a bhfuil lagéisteacht acu nó bogearraí agus áiseanna ríomhaire do pháistí ag a bhfuil míchumas cumarsáide.

De bhreis ar shocrúcháin i scoileanna speisialta tá 1,152 rang speisialta ar fáil sa scoilbhliain 2016/17. Méadú breis is 100% é seo ar líon na ranganna speisialta a bhí ar fáil in 2011, is é sin, 548. Áirítear air seo 127 rang luath-idirghabhála do Mhí-órd Speictream Uathachais (ASD) agus 237 rang ASD iar-bhunscoile. Is ionann sin agus méadú tuairim is 16% i gcomparáid leis an líon ranganna a bhí ann in 2015/16 do pháistí ar a bhfuil uathachas.

2.6.3 Scéim Teagaisc Bhaile Oideachais Speisialta

Leis an Scéim Teagaisc Bhaile soláthraítear seirbhís oideachais chúiteach do pháistí nach féidir leo freastal ar scoil de dheasca cúiseanna éagsúla, mar shampla breoiteachta buaine. Lena chois sin soláthraítear leis an scéim seirbhís oideachais chúiteach do pháistí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta agus a bhfuil socrúchán oideachais á lorg acu. De bhreis air seo déantar soláthar do luath-idirghabháil do pháistí ar a bhfuil uathachas. Bhain 1,455 scoláire san iomlán úsáid as teagasc baile le linn na scoilbhliana 2015/16.

2.6.4 Clár Oideachais Mhí Iúil

Leis an gClár Oideachais mhí Iúil soláthraítear ranganna speisialta chun freastal ar pháistí a bhfuil uathachas orthu ar rogha leo a gcuid seirbhísí oideachais a leathnú amach trí mhí Iúil. De bhreis air seo déanann an Roinn soláthar i gcomhair Clár mhí Iúil do scoláirí a bhfuil míchumas foghlama

ginearálta dian nó tromchúiseach orthu. Mura féidir soláthar ar scoil a thabhairt d'fhéadfaí deontas a thabhairt i leith soláthar baile tríd an Scéim Teagaisc Bhaile.

Tá líon na scoileanna a thairgeann an clár Iúil ag dul i méad go seasmhach ó tugadh isteach é sa bhliain 2001. Bhí 208 scoil rannpháirteach sa chlár in 2016. Bhain 5,628 scoláire leas as soláthar Teagaisc Bhaile trí Chlár mhí Iúil in 2016.

2.6.5 Leithdháiltí Teagasc Acmhainne

Tá méadú tagtha ar líon iomlán na bpost teagasc acmhainne leis, le roinnt blianta anuas. Is é 7,429 líon iomlán na bpost a leithdháil an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta in 2016/17. Méadú iomlán 41% é seo ar líon na bpost a leithdháileadh ó mhí Mheán Fómhair 2011 is é sin, 5,265 phost.

Bhí breis is 11,800 post Teagaisc Acmhainne agus Tacaíocht Foghlama ar fáil do scoileanna don scoilbhliain 2016/17. Is é seo an líon is airde post a cuireadh ar fáil riamh. I gcomparáid leis seo bhí breis is 11,000 post ar fáil don scoilbhliain 2014/15, 10,305 phost don scoilbhliain 2012/13 agus tuairim is 9,950 post don scoilbhliain 2011/12.

2.6.6 Cúntóirí Riachtanais Speisialta

Is é 13,015 líon iomlán na bpost SNA atá ar fáil don scoilbhliain 2016/17. Mar chuid de Bhuiséad 2017 fógraíodh méadú 115 phost chun freastal ar an éileamh bliantúil a bheidh ann ó mhí Eanáir go mí Mheithimh 2017. Méadú 23% é seo nach mór thar an líon post a bhí ar fáil in 2011, is é sin, 10,575.

2.6.7 An Tionscadal Lárionad Middletown um Uathachas

Tionscnamh atá á chómhaoiniú ag an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann agus an Roinn seo is ea an Tionscadal Lárionad Middletown um Uathachas (www.middletownautism.com). Tá sé dírithe ar thacú le cur chun cinn sármhaitheasa i bhforbairt agus comhchuibhiú oideachais agus seirbhísí a ghabhann leis, do pháistí agus daoine óga ar a bhfuil mí-oird ar speictream an uathachais. De bhreis ar líon na n-úsáideoirí a bhain tairbhe as seirbhísí an Lárionaid a bheith a mhéadú ba í cuspóir thábhachtach atá le leathnú na seirbhísí ná an Lárionad a leabú tuilleadh mar chomhlacht bunriachtanach a sheachadann an réimse seirbhísí atá ar fáil chun tacú le páistí ar a bhfuil an t-uathachas ar fud an oileáin ar fad.

Mar thoradh ar leathnú seirbhísí an Lárionaid sa Deisceart tá ar chumas an Lárionaid tacaíocht dhíreach a chur ar fáil do pháistí ar bhonn trialach, is féidir tionscadail thaighde spriocdhírithe a thabhairt chun críche chun go mbeidh siad mar bhonn eolais ag forbairt beartais amach anseo agus is féidir líon na n-áiteanna oiliúna a mhéadú a thairgtear do thuismitheoirí agus do ghairmithe araon, rud ina leagtar béim ar leith ar na príomhchéimeanna beatha atá ag páiste ar a bhfuil an t-uathachas.

2.6.8 Samhail Leithdháilte Nua d'Acmhainní Teagaisc do Riachtanais Oideachais Speisialta

Le linn 2016 thug an Roinn samhail nua um leithdháileadh acmhainní teagaisc do pháistí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta chun críche agus bhain úsáid aisti ar bhonn trialach. Bhí an tsamhail nua agus an leagan píolótach di mar ábhar láithreoireachta a rinne an Roinn agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i gcomhar a chéile do Choiste Oideachais an Oireachtais i mí Dheireadh Fómhair. Críochnaíodh Próifílí Scoile faoi dheireadh 2016 chun gurbh fhéidir leithdháiltí a chur in iúl do scoileanna i mí Feabhra 2017

2.6.9 Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta

Le linn 2016 chuir an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta measúnú cuimsitheach ar an scéim SNA chun na roghanna tacaíochta is iomchuí a shainaithint d'fhonn torthaí níos fearr a sholáthar do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Mar chuid den measúnú seo tabharfaidh an

Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta faoi roinnt bearta taighde. Chomh maith leis sin déanfaidh luchtanna leasa tuilleadh athbhreithniithe.

2.6.10 Seirbhís Urlabhra agus Teanga In-scoile

Sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta tá moladh chun seirbhís urlabhra agus teanga in-scoile a chur ar bun. Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tús le hathbhreithniú ar sheirbhísí atá ar fáil faoi láthair. Beidh torthaí an athbhreithnithe seo mar bhonn eolais ag na chéad chéimeanna eile a ghlactar chun éifeacht a thabhairt don ngealltanas sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta.

2.6.11 Seirbhís Tacaíochta um Chuimsiú

Geallann an Roinn Seirbhís Tacaíochta um Chuimsiú a bhunú faoin gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun cabhrú le scoileanna oideachas a chur ar fáil do pháistí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. In 2016 cuireadh tús le pléite chun struchtúr tacaíochta riaracháin a bhunú sa gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun cóiríocht a thabhairt don tseirbhís nua. A luaithe agus a bhfuil an struchtúr riaracháin comhaontaithe agus faofa aistreoidh pearsanra na Seirbhíse Tacaíochta um Chuimsiú faoi cheannas na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

2.7 Tacaíochtaí Síceolaíochta

Tugann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) tacaíocht ar fáil do scoileanna chun láidreachtaí agus riachtanais scoláirí a aithint agus pleanáil a dhéanamh do na riachtanais seo, athbhreithniú a dhéanamh orthu agus idirghabhálacha cuí a dhéanamh ina dtaobh.

In 2016 bhí síceolaithe na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) i mbun cásoibre le 8,266 scoláire nó mar sin. De ghnáth bíonn comhairliúchán agus measúnú, i gceist, mar aon le comhaontú faoi idirghabhálacha iomchuí chun freastal ar riachtanas, agus tuarascáil ina ndéantar doiciméadú ar an bpróiseas. Lena chois sin chuaigh síceolaithe NEPS i gcomhairle le múinteoirí maidir le 25,000 scoláire breise (líon measta) ar fud scoileanna an chéad agus an dara leibhéil de bhreis orthu siúd a luaitear thuas a fhaigheann idirghabháil aonair ó shíceolaí. Faoin bpróiseas SCPA rinne síceolaithe príobháideacha measúnú do 1,673 scoláire.

Le linn na bliana acadúla 2015/16 rinne síceolaithe NEPS moltaí don gCoiste Oideachais Speisialta i dtaobh breis is 4,825 iarrthóir ar chóiríocht sa Scrúdú Ardteistiméireachta faoin Scéim um Chóiríocht Réasúnta ag Scrúduithe Teastais (Scéim RACE).

Le linn na tréimhse d'fhreastail síceolaithe NEPS ar 105 teagmhas criticiúil éigin i scoileanna agus thugadar cabhair.

Sprioc 3 - Cuidiú leo siúd atá ag soláthar seirbhísí oideachais feabhsú go leanúnach

Aithníonn an Roinn go mbraitheann soláthar torthaí ardcháilíochta d'fhoghlaimeoirí ar fud an chórais oideachais go mór ar an ghairm múinteoireachta a chothú agus a fheabhsú. Tá aitheantas idirnáisiúnta ar ár lucht saothair teagaisc mar lucht saothar de mhúinteoirí ardchumasacha. Is príomhthosaíocht na Roinne é infheistíocht níos mó a dhéanamh i bhforbairt ghairmiúil múinteoirí ar fud an chontanaim, ón bhforbairt thosaigh, ionduchtúchán agus forbairt ghairme luath go forbairt ghairmiúil leanúnach agus ardfhorbairt do mhúinteoirí i róil cheannaireachta.

Athbhreithniú ar an mBliain faoin Sprioc seo

- Rinneadh 500 cigireacht ar shuímh Oideachas agus Cúram Luathóige go náisiúnta.
- Foilsíodh treoirlínte athbhreithnithe d'fhéinmheastóireacht scoile (bunscoil agus iar-bhunscoil) lena n-áirítear creat cáilíochta do theagasc agus foghlaim.
- Cuireadh tús le gach alt d'Acht um Chomhairle Múinteoireachta (Leasú), 2015. Áiríodh air seo na Forálacha um Oiriúnacht don Teagasc den Acht.
- Seoladh cúrsa nua Iarchéime dar teideal Cáilíochtaí i gCeannaireacht scoile atá dírithe ar mhúinteoirí ar mian leo poist cheannaireacht scoile a bhaint amach. Glacfar an chéad grúpa macléinn isteach i mí Mheán Fómhair 2017.
- Cuireadh athchóirí ar an oideachas múinteoirí tosaigh chun cinn trí Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Institiúid Mater Dei agus Coláiste Pádraig, Droim Conrach a hionchorprú in OCBhÁC.
- Cuireadh 650 áit sa mbreis ar fáil ar chláir iarchéime i gcoláiste i dTacaíocht Foghlama, Riachtanais Oideachais Speisialta agus Matamaitic Is ionann sin agus méadú 312 áit i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.
- Sheol SOLAS suíomh gréasáin nua www.fetchcourses.ie. Tugann sé rochtain d'fhoghlaimeoirí agus do luchtanna leasa eile ar eolas faoi bheagnach 5,000 cúrsa Breisoideachais agus Oiliúna ar fud na tíre.
- Cuireadh 206,127 áit ar fáil i gcomhair Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile. Méadú breis is 60% é seo i gcomparáid leis an líon áiteanna a bhí againn in 2011, is é sin, 130,679.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis seo agus faoi obair eile a rinneadh faoin Sprioc seo leagtha amach anseo thíos.

3.1 Cáilíocht in Oideachas Luathóige

Tá ról ríthábhachtach ag an Roinn maidir le cinntiú go dtacaíonn oideachas luathóige a thugtar i réamhscoileanna agus a maoinítear tríd an scéim Cúram agus Oideachas Luathóige (ECCE) i réamhscoileanna Tús Luath, le páistí ina gcuid foghlama tríd an gcreat curaclaim Aistear a chur i ngníomh. In 2016 lean an Roinn uirthi ag obair leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta chun an chuspóir seo a bhaint amach. Leanadh d'fhorbairt an Treoir Chleachtais Aistear/Síolta. Uirlis ar líne é seo do chleachtóirí luathóige Is é is cuspóir don Treoir príomhphrionsabail Aistear agus Síolta a scagadh agus cabhraíonn sé le Tús Níos Fearr a chuid gníomhartha tacaíochta ardcháilíochta a dhíriú ar réimsí cleachtais a aithníodh trí thaighde - is é sin, iad siúd is mó a bhfuil forbairt uathu, ar nós pleanála agus meastóireachta, curaclaim, sainaitheantais agus baint.

3.1.1 Síolta/Aistear

Tá an tionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear ar cuireadh tús leis in 2016, ag tacú le cur i ngníomh agus feidhmiú céimneach an dá chreata ar bhonn leathan, rud lena n-áirítear forbairt ábhair, acmhainní agus Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do Chleachtóirí Luathbhlianta. Tá an ROS ag obair i

gcomhpháirtíocht leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar an tionscnamh seo.

3.1.2 Cigireachtaí Oideachas Luathóige

In 2016 chríochnaigh an Roinn forbairt múnla cigireachta atá dírithe ar oideachas luathóige chun cigireacht a dhéanamh ar cháilíocht an soláthar oideachais i suímh luathóige a ghlacann páirt sa Chlár Cúram agus Oideachas Luathóige (ECCE). Tá cigireachtaí atá dírithe ar oideachas luathóige bunaithe ar chreat cáilíochta a bhfuil prionsabail Aistear mar bhonn eolais acu: an Creat Curaclaim Luathóige agus Síolta: an Creat Cáilíochta Náisiúnta d'Oideachas Luathóige mar aon le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le hoideachas agus cigireacht luathóige.

Tá cigireachtaí luathóige atá dírithe ar oideachas ceaptha chun tacú le forbairt a dhéanamh ar ghné an oideachais den soláthar i suímh luathóige. Lena chois sin táthar ag iarraidh eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí agus don bpobal i gcoitinne le cigireachtaí luathóige atá dírithe ar oideachas, faoi cháilíocht gné an oideachais den soláthar i suíomh luathóige. Críochnaíodh triail mhór náisiúnta den gCreat Cigireachtaí Luathóige atá Dírithe ar Oideachas beartaithe in 2016. Tar éis comhairliúcháin leis na luchtanna leasa go léir san earnáil Luathóige cuireadh tús le feidhmiú céimneach na gníomhaíocht cigireachta ar fud na tíre. Foilsíodh na chéad tuairiscí faoi Cigireachtaí Luathóige atá Dírithe ar Oideachas ar shuíomh gréasáin na ROS agus faoi dheireadh na bliana bhí 500 cigireacht, nach mór, déanta go náisiúnta.

3.2 Soláthar Múinteoirí

Bunaíodh Grúpa Oibre Teicniúil tar éis comhaontú a bheith déanta idir an Roinn agus an Chomhairle Mhúinteoireachta gur chóir anailís a dhéanamh ar na socruithe um an lucht saothair múinteoirí a phleanáil. Fuarthas an tuarascáil dheiridh ón ngrúpa oibre um sholáthar múinteoirí i mí na Nollag 2015 agus foilseofar í in 2017.

In 2016 rialaigh an Roinn na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a rialaíonn Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta i scoileanna aitheanta, d'fhorbair sí beartas sa réimse agus rinne monatóireacht ar ghéilliúlacht d'fhonn úsáid éifeachtach acmhainní daonna a chur chun cinn ar fud na hearnála bunscoile agus Iar-bhunscoile d'fhonn a chinntiú go gcloíonn an Roinn agus na scoileanna leis an dlí fostaíochta, go bhfuil comhaontuithe ar dtángthas orthu i réimse an chaidrimh thionsclaíoch leagtha amach go soiléir agus curtha i bhfeidhm ar fud na hearnála scoile agus go gcuirtear Téarmaí agus Coinníollacha is infheidhme do Mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta i bhfeidhm go seasmhach ar fud na mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna uile.

Cuireadh tús le pléite le comhpháirtithe bunscoile agus iar-bhunscoile atá dírithe ar feabhas a chur ar sholúbthacht struchtúr na sealbhóirí poist agus mar aidhm acu bogadh i dtreo múnla níos solúbtha, dáilte a bhfuil níos mó cuntasacht ag baint leis, ina roinntear róil cheannaireachta agus freagrachtaí agus ina cuirtear in oiriúint iad do chásanna agus do chomhthéacsanna ar leith.

Foilseachán in 2016:

- *Imlitir 0015/2016 – Sinsearacht Múinteoirí*
- *Imlitir 0025/2016 - Nósanna Imeachta maidir le hArdú Céime agus Achomharc ar Cheapachán Príomhoide Cúnta, Múinteoir Dualgas Speisialta agus Comhordaitheoir Clár*
- *Imlitir 0057/2016 – Paternity Leave Scheme for Registered Teachers in Recognised Primary and Post-Primary Schools*
- *Imlitir 0058/2016 – Paternity Leave Scheme for Registered Teachers in Recognised Primary and Post-Primary Schools*

- *r-lámhleabhar: Téarmaí & Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cláraithe i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna Aitheanta - Eagrán 1*

3.3 Oideachas do Mhúinteoirí

In 2016, cuireadh 206,127 áit ar fáil i gcomhair Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do mhúinteoirí Bunscoile agus Iar-bhunscoile. Méadú breis is 60% é seo i gcomparáid leis an líon áiteanna a bhí againn in 2011, is é sin, 130,679. Áiríodh orthu seo áiteanna do mhúinteoirí páistí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta, ceannairí scoile, réimsí ábhair agus cláir.

De bhreis air seo cuireadh 650 áit sa mbreis ar fáil, nach mór, ar chláir iarchéime i gcoláiste i dTacaíocht Foghlama, Riachtanais Oideachais Speisialta agus Matamaitic.

3.3.1 An Bille um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015

Cuireadh tús le gach alt den Acht um Chomhairle Múinteoireachta (Leasú), 2015, le linn 2016. Is é cuspóir an Achta ná a bheith mar bhonn agus taca faoi ról lárnach na Comhairle Múinteoireachta maidir le grinnfhiosrú múinteoirí agus cead a thabhairt don gComhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil forálacha um oiriúnacht do theagasc a chur i bhfeidhm.

3.3.2 Athchóiriú Oideachas Múinteora Tosaigh agus Ionduchtúchán Múinteora

Le linn 2016 lean an Roinn uirthi struchtúir oideachas múinteora tosaigh agus ionduchtúchán múinteora a athchóiriú. Chláraigh gach macléinn Oideachas Múinteora Tosaigh ó OCBhÁC, Coláiste Pádraig, Droim Conrach agus Institiúid Oideachais Mater Dei a bhí ag teacht isteach agus a bhí ann cheana féin mar mhicléinn de chuid OCBhÁC.

Ionchorpraíodh Coláiste Eaglais na hÉireann, Coláiste Pádraig, Droim Conrach agus Coláiste Mater Dei in OCBhÁC in 2016. Tá an t-ionchorprú dlíthiúil ag teacht le beartas na Roinne ar athstruchtúrú oideachas múinteora tosaigh.

Lean an Roinn uirthi ag tacú le hionduchtúchán agus próiseas promhaidh na Comhairle Múinteoireachta, Droichead, in 2016. Thug cigirí líon suntasach cuairteanna ar mhúinteoirí promhaidh, thacaigh siad le Foirne Tacaíochta Gairmiúla agus Múinteoirí nuacháilithe a bhí rannpháirteach sa chlár Droichead. Lena chois sin cuireadh tacaíocht ar fáil don gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí

3.3.3 Forbairt ghairmiúil leanúnach - Bunscoil

In 2016 d'fhorbair an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí (PDST) Forbairt Ghairmiúil Leanúnach chun tacú le curaclam Teanga Bunscoile agus le Tús Áite do Leanaí a chur i ngníomh i scoileanna.

Cuireadh tús i mí Dheireadh Fómhair 2016 le feidhmiú céimneach seimineáir foirne uile mar aon le tacaíochtaí scoile saincheaptha a chuimsíonn bliain 2 den gcreat Forbartha Gairmiúla Leanúnaí 3 bliana chun tacú leis an gCuraclam Teanga Bunscoile.

Lena chois sin lean an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí uirthi ag cur i ngníomh an Chreata Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a thacaíonn leis an gClár athbhreithnithe Bí Sábháilte. Tá an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí ag forbairt agus ag soláthar tacaíocht Forbartha Gairmiúla Leanúnaí i gcónaí i réimsí tosaíochta.

3.3.4 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach - Iar-bhunscoil (Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí)

In 2016 thug an fhoireann tacaíochta Sraithe Sóisearaí Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Cheannairí Scoile agus do mhúinteoirí Béarla, Eolaíochta agus Staidéar Gnó i scoileanna na mBOO agus do roinnt mhúinteoirí i Scoileanna C&P le linn na scoilbhliana deireanaí. Tá seirbhís tacaíochta na Sraithe

Sóisearaí ag ceapadh seimineáir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do na hábhair seo a leanas agus dá n-ullmhú faoi láthair: Béarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Nuatheangacha Iasachta, Ealaín is Dearadh agus Gaeilge.

Leanadh de bheith ag feidhmiú go céimneach clár forbartha gairmiúla cuimsithí chun tacú le múinteoirí na Sraithe Sóisearaí in 2016. Áiríodh air seo seimineáir do cheannairí scoile, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach scoile uile, seimineáir sainábhair, cuairteanna scoile agus braisle a thabhairt isteach atá bunaithe ar laethanta Forbartha Gairmiúla Leanúnaí scoile uile.

3.3.5 Tacaíochtaí do Riachtanais Oideachais Speisialta

Le linn 2016 thacaigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta le scoileanna maidir le cur i ngníomh an mhúnla leithdháilte nua um Riachtanais Oideachais Speisialta. Tá an múnla nua dírithe ar torthaí níos fearr a thabhairt do pháistí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta agus tabhairt faoi mí-chothromas a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an múnla atá againn faoi láthair. Forbraíodh treoir maidir leis an múnla athbhreithnithe chun acmhainní teagaisc d'oideachas speisialta a leithdháileadh agus dáileadh ar 47 Scoil Thrialacha é. Agus an triail a bheith críochnaithe agus comhairle beartais a bheith faighte ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta déanfar an múnla nua a fheidhmiú go céimneach i ngach scoil in 2017.

3.3.6 Féinmharú a Chosc

Geallann an Roinn go n-éascófar seachadadh na gclár oiliúna féinmharaithe SafeTalk agus ASIST do mhúinteoirí trí Líonra na nIonad Oideachais. Leanfaidh an Roinn de bheith i dteagmháil leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus leis an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc chun socruithe maidir leis na cláir oiliúna a chur chun cinn a bheidh á n-éascú ag líonra na nIonad Oideachais.

3.3.7 Tacaíochtaí d'Oiliúint Múinteoirí de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

Cuireann síceolaithe na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais oiliúint ar fáil do mhúinteoirí chun cláir atá bunaithe ar fhianaise a chur i ngníomh a chuireann athléimneacht agus cumas sóisialta is mothúcháin chun cinn i bpáistí agus i ndaoine óga. Tá tús áite tugtha ag an tseirbhís do sheachadadh dhá chláir ar an gcéad dul síos:

- An Clár Bainistíochta Seomra Ranga do Mhúinteoirí Na Blianta Dochreidte. Is clár coisc agus luath-idirghabhála é seo atá bunaithe sa seomra ranga. Tá sé ceaptha chun fadhbanna iompraíochta a laghdú agus iompar sóisialta na bpáistí a neartú. In 2016 thug an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais oiliúint do 320 múinteoir ar fud na tíre.
- Na cláir Cairde. Tá sé bunaithe ar scoil. Cuireann siad cosc ar sceimhle agus neartaíonn siad athléimneacht a chuireann ar chumas na bpáistí straitéisí éifeachtacha a fhoghlaim chun déileáil le gach saghas anacair mhothúcháin agus chun é a bhainistiú - imní/strus/athrú/sceimhle. Thug síceolaithe na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais oiliúint do 1,000 múinteoir ar fud na tíre in 2016.

3.4 Ceannaireacht Scoile

Agus próiseas soláthair a bheith curtha i gcrích in 2016 beidh clár iarchéime nua d'ábhair cheannairí scoile ar bun ó mhí Mheán Fómhair 2017. Cuirfidh cuibhreannas faoi cheannas Ollscoil Luimnigh an cúrsa ar fáil i gcomhar le Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann.

Tá 200 ceannaire scoile ag a bhfuil taithí earcaithe ag an Ionad um Cheannaireacht Scoile (CSL) chun meantóireacht a dhéanamh ar phríomhoidí nua-cheaptha. Tá meantóir sannta do gach príomhoide nua-cheaptha bunscoile i ceantar Laighean atá rannpháirteach sa chlár ceannaireachta Misneach. Tá

meantóir sannta do gach príomhoide nua-cheaptha iar-bhunscoile i ceantar Laighean atá rannpháirteach sa chlár ceannaireachta Misneach.

Beidh seirbhís chóitseála nua do phríomhoidí scoile bunaithe faoi mhí Eanáir 2017 tar éis próiseas soláthair a bheith críochnaithe in 2016. Is féidir le príomhoidí leas a bhaint as tacaíocht chóitseála ar feadh 11.5 uair ar a mhéid. Tá painéal cóitseálaithe ar fáil i sé réigiún ar fud na tíre.

Lena chois sin geallann an Roinn seirbhís chóitseála phroifisiúnta a thabhairt isteach do phríomhoidí i mbun oifige. Tugtar rochtain do oiread is 400 príomhoide in aghaidh na bliana ar chóitseáil phroifisiúnta.

3.5 Cosán

Sheol an Chomhairle Mhúinteoireachta Cosán, an Chreat um Fhoghlaim do Mhúinteoirí, tar éis dul i gcomhairle leis an ngairm agus le luchtanna leasa eile. Aithníonn Cosán tiomantas na múinteoirí d'fhoghlaim ghairmiúil agus leagann amach creat chun an fhoghlaim seo a aithint i gcomhthéacs stádas múinteoirí mar ghairmithe cláraithe.

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta a fhorbraíonn Cosán, an creat náisiúnta d'fhoghlaim múinteoirí. Tá sé i gceist é bheith curtha i ngníomh ina iomláine in 2020.

3.6 An Ciste um Shármhaitheas Scoile

Le linn 2016 lean an Roinn uirthi ag forbairt tograí le haghaidh Ciste um Shármhaitheas Scoile, d'fhonn sármhaitheas agus nuáil a chur chun cinn. Leanfar den obair seo in 2017.

3.7 Cigireachtaí ar Cháilíocht

In 2016 chuir Cigireacht na Roinne a cuid oibre ar fhorbairt creat cáilíochta do scoileanna i gcrích. Is é atá sa chreat ná fearainn agus caighdeáin faoi dhá ghné: teagasc agus foghlaim agus ceannaireacht agus bainistíocht. Tugann an creat achoimre ar chleachtais éifeachtacha san dá ghné agus tá sé beartaithe go mbainfidh réimse comhpháirtithe oideachais úsáid as chun críocha éagsúla. Foilsíodh é i *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* i mí Mheán Fómhair 2016 tar éis comhairliúcháin fhairsing leis na comhpháirtithe oideachais. Bainfidh cigirí úsáid as ina gcuid oibre comhairlí agus meastóireachta agus spreagfar scoileanna chun díriú ar an ngné múinteoireachta agus foghlama i gcomhthéacs a gcuid oibre féinmheastóireachta.

3.7.1. Forbairt múnlaí cigireachta

In 2016, tar éis athbhreithniú suntasach agus comhairliúchán a bheith déanta ar réimse treoracha cigireachta, ullmhaíodh treoir cigireachta do gach ceann de na hearnálacha ina ndéantar cigireachtaí. Foilsíodh na treoracha cigireachta seo a leanas i mí Mheán Fómhair 2016:

- *Treoir maidir le Cigireacht i mBunscoileanna*
- *Treoir maidir le Cigireacht in Iar-Bhunscoileanna*
- *Treoir maidir le Cigireacht i Scoileanna in Aonaid Ardtacaíochta, in Aonaid Shainchúraim agus in Ionaid Choinneála do Pháistí*

3.7.2. Féinmheastóireachtaí Scoile

Lean an Roinn uirthi ag tacú le scoileanna chun cleachtais féinmheastóireachta scoile éifeachtacha a leabú. Bhí cigirí ag tabhairt faoi chuairteanna comhairleacha i gcónaí agus rinne siad réimse ábhair tacaíochta d'fhéinmheastóireacht scoile agus d'fhoilsigh siad iad in 2016.

Agus an chéad timthriall d'fhéinmheastóireacht scoile a bheith críochnaithe i mí Mheithimh 2016, d'ullmhaigh an Roinn ciorcláin nua ina leagtar amach na riachtanais d'fhéinmheastóireacht scoile ó

2016 go 2020. Tar éis comhairliúcháin a bheith déanta agus aiseolas a bheith faighte ó scoileanna, comhpháirtithe oideachais agus comhoibrithe na cigireachta agus tar éis comhairle a bheith faighte ón gcoiste comhairleach náisiúnta um fhéinmheastóireacht scoile, foilsíodh na himlitreacha nua i mí Mheithimh 2016.

Ullmhaíodh treoirlínte athbhreithnithe d'fhéinmheastóireacht (bunscoil agus iar-bhunscoil) agus foilsíodh iad i mí Mheán Fómhair 2016 tar éis comhairliúcháin a bheith déanta ina dtaobh. Mar chuid de na treoirlínte seo tá creat cáilíochta do theagasc agus foghlaim ar chóir do scoileanna díriú air agus iad ag tabhairt faoi fhéinmheastóireacht scoile.

3.7.3. Curaclaim Ghaeilge

Leanann an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí (PDST) uirthi ag tacú le múinteoirí maidir le curaclaim Ghaeilge a sheachadadh ag an leibhéal Bunscoile agus Bar-bhunscoile araon. Leagtar béim ar leith ar thacaíocht in-scoile agus soláthar ábhair tacaíochta ar líne. Cuirtear réimse imeachtaí forbartha gairmiúla leanúnaí ar fáil atá bunaithe ar thosaíochtaí oideachais náisiúnta.

3.7.4. Cigireacht ar chúrsaí Gaeilge i gColáistí Gaeilge

Tar éis dul i gcomhairle leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus le Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh (CONCOS) arb í an Scáth-eagraíocht do choláistí Gaeilge í, foilsíodh tuairiscí cigireachta ar shampla de chúrsaí Gaeilge de chuid Coláistí Gaeilge san dá theanga den chéad uair riamh ar shuíomh gréasáin na Roinne in 2016. Leanann na cúrsaí Gaeilge seo do scoláirí iar-bhunscoile agus scoláirí bunscoile sinsearacha ar feadh trí seachtaine de ghnáth agus eagraítear iad le linn míonna an tsamhraidh, de ghnáth.

Dearbhaíonn cigireachtaí ar chúrsaí Gaeilge cáilíocht an oideachais a thugtar do na scoláirí agus thugtar comhairle agus tacaíocht do na múinteoirí, na príomhoidí agus do choistí bainistíochta na gcoláistí. Tá tuairiscí cigireachta bunaithe ar bhreathnú a dhéanann an cigire ar an teagasc, an fhoghlaim agus na gníomhaíochtaí cultúrtha, ar idirghníomhú leis na scoláirí, plé leis an bhfoireann bainistíochta agus iniúchadh na ndoiciméadaí ábhartha. Ag deireadh gach cigireachta tugann an cigire aiseolas do mhúinteoirí agus do phríomhoide an chúrsa Gaeilge ar cháilíocht an tsoláthair oideachais sa suíomh.

3.7.5. Cáilíocht i Riachtanais Oideachais Speisialta

Le linn 2016 chuir an Roinn athbhreithniú ar an *Pilot Project for the New Resource Teacher Allocation Model for Schools 2015/16* i gcrích. Ar an iomlán ghlac seacht scoil agus daichead páirt i dtriail phíolótach an mhúnla leithdháilte nua le linn na scoilbhliana 2015/16. Ba leaganacha ionadaíochta na gcineálacha agus na méideanna scoile éagsúla agus ar shuímh éagsúla scoile a bhí rannpháirteach. Rinneadh cigireachtaí i bhfiche ceann de na scoileanna píolótacha d'fhonn a fháil amach a fheabhas agus a chabhraíonn an múnla leithdháilte nua le scoileanna úsáid níos cothroime níos córa a bhaint as na hacmhainní teagaisc breise ar mhaithe le scoláirí a bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil uathu. Lena chois sin scrúdaigh an Roinn a mhéid agus a d'fháiltigh scoileanna roimh an tsolúbthacht a thug an leithdháileadh acmhainne nua dóibh chun na hacmhainní a bhí á bhfáil acu a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais na scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Lena chois sin rinne an Roinn athbhreithniú ar an tslí ina raibh scoileanna in ann úsáid a bhaint as na hacmhainní teagaisc breise a fuair siad faoin múnla chun tabhairt faoi chúig théama na trialach píolótaí agus seirbhís oideachais níos fearr a chur ar fáil tríothu do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.

Ullmhaíodh tuarascáil ilchodach ar thorthaí meastóireachtaí a rinneadh thar tréimhse trí bliana i scoileanna agus i suímh a ghabhann le hAonaid Ardtacaíochta, Aonaid Shainchúraim agus Ionaid

Coinneála do Leanaí i gcomhair a foilsithe in 2016. Geallann an Roinn clár cigireachta bliantúil a chur i gcrích sna suímh seo. Tá ocht gcinn de na suímh seo sa Stát. Sa tuarascáil ilchodach dírítear aird ar an iliomad gnéithe deachleachtais i dteagasc agus i bhfoghlaim is léir sna scoileanna. Tá cleachtais mheasúnachta thosaigh agus measúnachta leanúnaí agus spriocanna maithe a chur ar na réimsí a aithnítear mar réimsí nach mór a fheabhsú. Dírítear aird sa tuarascáil leis, ar roinnt dúshlán atá roimh na scoileanna. Áirítear orthu seo an drochthionchar a imríonn socrúcháin ghairide foghlaimeoirí agus socrúcháin foghlaimeoirí a tharlaíonn go minic ar chumas na múinteoirí pleanáil mhaith a dhéanamh d'fhoghlaim a gcuid scoláirí. Foilseofar an tuairisc go luath in 2017.

3.7.6. Treoirlínte Cigireachta

Foilseachán in 2016:

- *Treoir maidir le Cigireacht i mBunscoileanna*
- *Treoir maidir le Cigireacht in Iar-Bhunscoileanna*
- *Treoir maidir le Cigireacht i Scoileanna in Aonaid Ardtacaíochta, in Aonaid Shainchúraim agus in Ionaid Choinneála do Pháistí*
- *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 - Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna*
- *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 - Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna*
- *Féinmeastóireacht Scoile Treoirlínte 2016-2020 (Iar Bhunscoileanna)*
- *Féinmeastóireacht Scoile Treoirlínte 2016-2020 (Bunscoileanna)*
- *Standardised Achievement Tests: An Analysis Of The Results At Primary School Level For 2011-12 And 2012-13*
- *Review of the Pilot of a new Model for Allocating Teaching Resources for Pupils with Special Educational Needs*

3.8. Breisoideachas agus Oiliúint - Forbairt Ghairmiúil

3.8.1. Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna um Fhorbairt Ghairmiúil

Foilsíodh an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna um Fhorbairt Ghairmiúil 2016-2019 in 2016. Déantar soláthar ann d'fhorbairt ghairmiúil fhócasaithe dírithe, do mhéadú cumais na hearnála Breisoideachais agus Oiliúna agus tacaítear le maoiniú agus acmhainní inbhuanaithe an tsoláthair. Ba é SOLAS, i ndlúthchomhar le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann, agus na Boird Oideachais agus Oiliúna atá ina mbaill de a d'fhorbair an straitéis arbh í an chéad straitéis dá leithéid.

Léirítear inti bailiú cuimsitheach fianaise, comhairliúchán le luchtanna leasa agus próiseas taighde.

Foilseachán in 2016: *Further Education and Training Professional Development Strategy 2016-2019*

3.8.2. Breisoideachas agus Oiliúint Ardcháilíochta san Earnáil Boird Oideachais agus Oiliúna

Geallann an Roinn go neartóidh sí cumas laistigh d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna chun go n-éireoidh linn spriocanna na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna a bhaint amach. Díreofar go háirithe ar Dhearadh Eagraíochta, Bainistiú Athruithe agus Dearbhú Cáilíochta.

Líonadh 13 phost Stiúrthóra Breisoideachais agus Oiliúna as 15 cinn san iomlán nó táthar ag súil le n-iad a líonadh ó chomórtas earcaíochta a eagraíodh ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS). Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí sásta comórtas nua a reáchtáil go déanach in 2016 chun na folúntais Stiúrthóra Breisoideachais agus Oiliúna eile a líonadh. Idir an dá linn tugadh faomhadh do na Boird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann na folúntais seo a líonadh ar bhonn gníomhaithe shealadaigh. Ansin cuirfear tús leis an obair ar an struchtúr eagraíochta i réimse Breisoideachais agus Oiliúna na mBord Oideachais agus Oiliúna faoi bhun leibhéal an Stiúrthóra.

Táthar tar éis Bainisteoir tiomnaithe um Athrú Cláir a cheapadh le déanaí i mBoird Oideachais agus Oiliúna Éireann leis, d'fhonn tacú leis an gclár athchóirithe ar fud réimsí éagsúla. Tá plean oibre á

dhréachtú ag an mBainisteoir um Athrú Cláir faoi láthair i gcomhairle le hearnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Cuireadh tús le togra dearbhaithe cháilíochta in 2016 le tacaíocht ó acmhainn thiomnaithe i mBoird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus faoi mhaoirseacht Grúpa Stiúrtha um Straitéis Dhearbhú Cáilíochta. Tá an obair ag díriú ar shocruithe Dearbhú Cáilíochta nua i mBoird Oideachais agus Oiliúna as a leanfaidh teagmháil as an nua le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann maidir le faomhadh nósanna imeachta athbhreithnithe. Tá grúpa straitéise um Dhearbhú Cáilíochta ag obair chun straitéis Dearbhú Cáilíochta dhoiciméadaithe earnála a dhéanamh faoi 2017. Lena chois seo tá grúpa pleanála comhoibritheach de chuid Boird Oideachas agus Oiliúna Éireann agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann curtha ar bun agus sceideal cruinnithe comhaontaithe acu agus ceapfar agus comhaontófar plean earnála um chur i ngníomh Treoirlínte agus Beartais nua Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.

3.8.3. Bunachar Sonraí Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna

I gcaitheamh na bliana leanadh den obair ar fhorbairt an Chórais um Thacaíocht Cláir agus Foghlaimeora don earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna. Nuair a bheidh sé críochnaithe, soláthróidh sé bunachar sonraí náisiúnta don earnáil, rud a chuirfidh féilire cúrsa Breisoideachais agus Oiliúna náisiúnta, bunachar sonraí cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna agus bunachar sonraí foghlaimeoirí ar fáil. Mar chuid de phróiseas cuireadh bunachar sonraí cláir Breisoideachais agus Oiliúna agus bunachar sonraí an fhéilire chúrsa i ngníomh agus mar chuid den bpróiseas seoladh an suíomh gréasáin www.fetchcourses.ie. Tugann sé rochtain d'fhoghlaimeoirí agus do luchtanna leasa eile ar eolas ar 5,000 cúrsa Breisoideachais agus Oiliúna nach mór, ar fud na tíre.

3.8.4. Athbhreithniú ar Sholáthar Teastas Iar-Ardteistiméireachta

Chun seachadadh breisoideachais agus oiliúna ardcháilíochta a chinntiú a fhreastalóidh ar riachtanais foghlaimeoirí agus fostóirí araon déanfar measúnú ar éifeachtacht an tsoláthair Bhreisoideachais agus Oiliúna ar fad. Sa bhliain 2016 rinneadh measúnú ar an gclár Breisoideachais agus Oiliúna is mó, an Teastas Iar-Ardteistiméireachta a fhreastalaíonn ar 70,000 tairbhí nach mór, in aghaidh na bliana. Foilseofar na torthaí agus na moltaí in 2017.

3.9. Suirbhé ar Rannpháirtíocht Macléinn in Éirinn

Taispeánann an phríomhfhoinse sonraí náisiúnta ar theagasc agus foghlaim - Suirbhé ar Rannpháirtíocht Macléinn - ardleibhéil sástachta i measc na macléinn i gcónaí. Foilsíodh an tuarascáil náisiúnta ar thorthaí an tSuirbhé ar Rannpháirtíocht Macléinn i mí na Nollag 2016.

Tá torthaí ag an leibhéal náisiúnta go maith socair ó bhliain le chéile agus léiríonn siad go bhfuil ag éirí go maith leis an gcóras ardoideachais ar an iomlán. Sa Suirbhé ar Rannpháirtíocht Macléinn cuirtear ceisteanna faoi rannpháirtíocht macléinn ina gcuid foghlama agus ina dtimpeallachtaí foghlama. Is cuid ríthábhachtach é rannpháirtíocht macléinn leis an saol institiúideach chun a chinntiú go bhforbróidh siad príomhscileanna ar nós smaointeoireachta criticiúla, réiteach fadhbanna, scileanna scríbhneoireachta agus obair foirne agus scileanna cumarsáide. Is cosúil go bhfuil na micléinn go maith sásta leis an ullmhú a thugtar dóibh don bhfostaíocht. Roghnaigh 64% de na micléinn a ghlac páirt *go minic* nó *go han-mhinic* nuair a cuireadh ceist orthu cé acu an raibh nó nach raibh feabhas á chur acu ar eolas agus scileanna a chuirfidh lena n-infhostaitheacht. Seo a leanas roinnt torthaí tábhachtacha eile ón suirbhé 2016:

- Roghnaigh 82% de na micléinn a ghlac páirt 'Maith' nó 'Sármhaith' nuair a cuireadh ceist orthu conas atá d'eispéireas oideachais iomlán ag an institiúid seo.

- Roghnaigh 75% de na micléinn a ghlac páirt ‘cuid mhaith’ nó ‘an-chuid’ nuair a cuireadh ceist orthu conas a chabhraigh a n-eispéireas leo smaoineamh go criticiúil nó go hanailíseach.

Sprioc 4 - Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal níos leithne

Is sprioc ríthábhachtach de chuid straitéis na Roinne é droichid a thógáil idir soláthraithe oideachais agus oiliúna agus pobail shóisialta agus eacnamaíoch éagsúla chun a cuid gealltanas a chomhlíonadh go dtógfaidh sí córas oideachais den chéad scoth. Beidh naisc a dhéanfar idir pobail ar nós fostóirí, daoine dífhostaithe, tuismitheoirí, micléinn agus luchtanna leasa eile ina gcabhair dúinn dúshláin a chéile a thuiscint agus cuirfidh siad ar ár gcumas teacht ar réitigh nuálacha le chéile ar féidir iad a sheachadadh ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Athbhreithniú faoin Sprioc seo

- Críochnaíodh plean gníomhaíochta faoi úsáid foirgnimh scoile do chúram iar-scoile agus foilseofar treoirlínte um úsáid foirgnimh scoile lasmuigh d'uaireanta scoile in 2017.
- Foilsíodh an Straitéis Scileanna Náisiúnta ar taca láidir é i bplean an Rialtais fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chothú. Is é cuspóir na Straitéise creat a chur ar fáil d'fhorbairt scileanna a chabhróidh chun fás in Éirinn a chur chun cinn ó thaobh eacnamaíochta agus sochaí de thar an deich mbliana seo chugainn
- Foilsíodh Bille um Ligean Isteach i Scoileanna atá dírithe ar dhéileáil le ceisteanna lena n-áirítear foilsiú beartas rollaithe i scoileanna, deireadh le liostaí feithimh, struchtúir rollaithe bhliantúla á dtabhairt isteach agus trédhearcacht agus cothroime i ligean isteach do dhaltaí agus a dtuismitheoirí.
- Forbraíodh reachtaíocht chun foráil a dhéanamh do Chairt Tuismitheoirí agus Foghlaimeoirí a chuirfidh feabhas ar nósanna imeachta faisnéisithe agus gearáin i scoileanna.
- Rinneadh dul chun cinn ar fheidhmiú céimneach Straitéis na Roinne um Phátrúnacht agus Dífheistithe a bhfuil d'aidhm aici 400 scoil nua ilchreidimh agus neamhshainchreidmheach a thógáil faoi 2020.
- Tacaíodh le 8,926 rannpháirtí san iomlán ar chúrsaí Lingchláir agus faoi Lingchlár+ 2015 agus Lingchlár+ 2016. Caitheadh €20,438,000 san iomlán maidir le Lingchlár in 2016.
- Ghlac 2,070 rannpháirtí páirt i gCúrsaí Tiontaithe TFC lánaimseartha agus páirtaimseartha faoi Lingchlár+ 2015 agus Lingchlár+ 2016. Caitheadh €7,380,000 san iomlán maidir le Cúrsaí Tiontaithe TFC in 2016.
- Seoladh printíseachtaí nua in 2016 as tionscnamh an Rialtais printíseacht a leathnú chuig roinnt réimsí nua.
- Cuireadh 3,700 áit printíseachta i gceirdeanna ar fáil. Is ionann sin agus méadú 19% ar líon na gclárúchán in 2015 agus is méadú faoi thrí, nach mór, an líon clárúchán a rinneadh in 2011 agus 2012.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis seo agus faoi obair eile a rinneadh le linn 2016 faoin Sprioc seo leagtha amach anseo thíos.

4.1 Úsáid Foirgnimh Scoile

Rinne an Roinn comhchomhairliúchán i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige le luchtanna leasa chun féachaint ar mholtaí maidir le múnla a chur ar bun chun foirgnimh agus áitribh scoile a úsáid lasmuigh d'uaireanta scoile agus i gcomhair cúram iar-scoile. Cuireadh an plean gnímh a rinneadh ina dhiaidh sin faoi bhráid an aire le haghaidh a bhreithnithe go déanach in 2016. Déanfar tuilleadh breithnithe ar na moltaí seo go luath in 2017.

4.2 Grúpa Idir-Ranna ar Chúram Leanaí in Aois Scoile

I bhfianaise na ngealltanas i gClár an Rialtais bunaíodh Grúpa Idir-Ranna ar Chúram Leanaí in Aois Scoile ina bhfuil ionadaithe ón Roinn agus ón Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige chun breithniú conas is fearr is féidir na gealltanais seo a chomhlíonadh. Cuireadh an comh-phlean Gnímh ar Chúram Leanaí in Aois Scoile faoi bhráid an bheirt Aire le haghaidh a bhreithnithe in 2016.

4.3 Cairt Tuismitheoirí agus Foghlaimeoirí agus Ombudsman Oideachais

Chuir an Roinn Meamram don Rialtas i láthair ina bhfuiltear ag lorg ceada Cinn Bhille a dhéanfaidh foráil do Chairt Tuismitheoirí agus Foghlaimeoirí a chur isteach chuig Coiste an Oireachtais um Oideachais i gcomhair scrúdaithe réamh-reachtaíochta. Is é is cuspóir don mBille seo rochtain tuismitheoirí agus scoláirí ar eolas ó scoileanna a fheabhsú agus feabhas a chur ar nósanna imeachta gearáin na scoileanna. Lena chois sin glacfar san áireamh sa Bhille beartaithe na forbairtí maidir le hOmbudsman Oideachais.

4.4 Costais a Laghdú do Thuismitheoirí

Rinneadh comhairliúchán chun Imlitir nua a chur le chéile a eiseofar chuig Údaráis scoile agus BOO maidir le beartas éide scoile agus costais eile agus an gá le costais tuismitheoirí a laghdú. Cuirfear tuairimí Comhairlí Náisiúnta na dTuismitheoirí agus comhpháirtithe oideachais eile san áireamh agus an Imlitir á cur le chéile. Tá sé i gceist an Imlitir nua a bheith ullamh roimh thosach na scoilbhliana 2017/2018.

4.5 An Bille um Ligean Isteach i Scoileanna

Foilsíodh an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) agus glacadh leis an dara céim den bpróiseas reachtach in 2016. Léiríonn an Bille an tiomantas do reachtaíocht nua um ligean isteach i scoileanna a fhoilsiú agus na moltaí dréachta a ghlacadh san áireamh agus tabhairt faoi shaincheisteanna lena n-áirítear foilsiú beartas rollaithe i scoileanna, deireadh le liostaí feithimh, struchtúir rollaithe bhliantúla a thabhairt isteach agus trédhearcacht agus cothroime i ligean isteach do dhaltaí agus a dtuismitheoirí.

Tá roinnt príomhghnéithe ag an mBille mar seo a leanas:

• cuireann sé d'oibleagáid ar gach scoil daltaí a ligean isteach má tá áiteanna ar fáil (80% de scoileanna).

• forálann sé go gcuireann scoileanna in iúl go sainráite i mbeartas na scoile um ligean isteach nach ndéanfar leithcheal ar iarrthóir ar chúiseanna ar bith atá sainithe sa reachtaíocht chomhionannais.

• tá riachtanas ann go gcaithfidh sonraí a bheith sa bheartas rollú scoile faoi na socruithe atá ag an scoil do dhaltaí ar bith nach mian leo freastal ar theagasc creidimh

• cuireann sé cosc ar mhuirir a bheith á n-iarraidh ag scoileanna ó thuismitheoirí chun iarratas ar áit a dhéanamh i scoil.

• tugann cead don gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus don nGníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach áit a ainmniú i scoil do pháiste.

Foilseachán in 2016: *An Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2016*

4.6 Pátrúnacht Scoile

Is príomhthosaíocht na Roinne é scoileanna a dhífheistiú agus scoileanna nua a bhunú ar mhaithe le breis éagsúlachta maidir le cineálacha scoile de. Aistríodh pátrúnacht na 11 Phobalscoil Náisiúnta uile ón Aire chuig an mBOO lena mbaineann in 2016.

Faoin bpróiseas dífheistiú pátrúnachta d'oscail dhá bhunscoil nua i Maigh Eo agus i mBaile Átha Cliath. Tá an dá cheann faoi phátrúnacht Ag Foghlaim Le Chéile. Déanfaidh siad soláthar do bhreis roghanna do thuismitheoirí sna réimsí seo ina bhfuil fás réasúnta seasmhach faoin daonra.

In 2016 d'oscail cúig bhunscoil nua i gCo. Mhaigh Eo agus i mBaile Átha Cliath agus d'oscail sé iar-bhunscoil i gCo Bhaile Átha Cliath, Co. an Chabháin agus Co. Chorcaí chun freastal ar riachtanais

déimeagrafacha. Tar éis don Roinn a aithint go raibh gá leis na scoileanna nua seo chun freastal ar riachtanais déimeagrafacha sna ceantair seo cuireadh próiseas eile i gcrích ar leithligh maidir le pátrúnacht gach scoile. Iarradh ar na comhlachtaí pátrúnachta agus ar na pátrúin ionchasacha uile iarratas a dhéanamh faoin bpróiseas seo agus bhí roghanna tosaíochta na dtuismitheoirí i gcroílár an phróisis seo. Bhí ar phátrúin ionchasacha fianaise ar éileamh ar a gcineál pátrúnacht scoile a thabhairt. Is scoileanna ilchreidimh sé cinn de na scoileanna nua. Scoileanna comhoideachais is ea 3 cinn díobh agus is scoileanna Caitliceacha 2 cheann díobh.

Tá feabhas curtha ag an Roinn ar an bpróiseas pátrúnachta reatha do scoileanna nua chun éascaíocht a dhéanamh do thuismitheoirí a roghanna tosaíochta a chur in iúl d'oideachas trí Ghaeilge trí rogha ar leith i dtaobh meán teagaisc a chur ann mar chuid den bpróiseas measúnachta i gcomhair scoile nua beartaithe. Tugann sé seo níos mó soiléire maidir le tosaíochtaí tuismitheoirí a chur in iúl i gcomhair teagaisc trí Ghaeilge i measúnacht pátrúnachta agus sa phróiseas mholta ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile araon. Fónfaidh sé mar bhonn eolais do chinntí ar mheán teagaisc scoile agus tabharfaidh sé infheictheacht níos mó don bhreathnú ar ar an leibhéal éilimh léirithe ar oideachas trí mheán na Gaeilge.

Foilseachán in 2016:

- *Tuarascáil don nGrúpa um Bhunú Scoileanna Nua Pátrúnacht do bhunscoileanna nua a osclóidh i mí Mheán Fómhair 2016*
- *Tuarascáil don nGrúpa um Bhunú Scoileanna Nua faoin bPróiseas Pátrúnachta d'Iar-bhunscoileanna Nua a Osclóidh in 2017 agus 2018*

4.7 Cónascadh Scoileanna

Le linn 2016 chuir an Roinn tús le prótacail a dhréachtú agus le comhairliúchán le pátrúin scoileanna aon-mhúinteora. Iarradh orthu pléite a thionscnamh go háitiúil chun tabhairt faoi shaincheisteanna inmharthanachta amach anseo. Leanfar de phléite ina thaobh seo in 2017 mar a chuirfear bearta cuí i bhfeidhm i gcomhthéacs cúinsí buiséid.

4.8 Forbairt Scileanna

4.8.1 Straitéis Náisiúnta Scileanna

Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Scileanna in 2016. Is é cuspóir na Straitéise seo ag a bhfuil breis is 120 gníomh agus breis is 50 lucht leasa creat d'fhorbairt scileanna a sholáthar a chabhróidh chun fás na hÉireann a chur ar aghaidh thar an deich mbliana seo chugainn ó thaobh eacnamaíochta agus sochaí de. Tá cur i ngníomh leanúnach na Straitéise cuimsithe sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas a thugann ráiteas lárnach faoin bplean oibre níos leithne don athchóiriú thar oideachas agus oiliúint.

4.8.2 Lingchlár+ 2016

Tionscnamh ar leith is ea Lingchlár+ a dhíríonn go straitéiseach ar dheiseanna athoiliúna solúbtha saor in aisce a mhaoiniú ag an leibhéal ardoideachais do dhaoine dífhostaithe agus daoine a bhí féinfhostaithe roimhe seo, i réimsí ina bhfuil riachtanais scileanna ag teacht chun cinn. Roghnaíonn painéal neamhspleách ag a bhfuil saineolais tionscail agus oideachais gach cúrsa a bhfaomhtar i gcomhair a mhaoinithe faoi Lingchlár+ tar éis próiseas tairisceana iomaíoch.

Tacaíodh le 8,926 rannpháirtí san iomlán le linn 2016 ar chúrsaí Lingchláir faoi Lingchlár+ 2015 agus Lingchlár+ 2016 araon. Caitheadh €20,438,000 san iomlán maidir le Lingchlár in 2016.

I Lingchlár+ cuimsíodh Cúrsaí Tiontaithe faoin bPlean Gníomhaíochta TFC 2014-2018. De bhreis ar Chúrsaí Tiontaithe TFC lánaimseartha faoi Lingchlár+ 2016 tairgeadh cúrsaí TFC dhá bhliana

páirtaimseartha den chéad uair ar bhonn píolótach. Le linn 2016 ghlac 2,070 rannpháirtí páirt i gCúrsaí Tiontaithe TFC lánaimseartha agus páirtaimseartha faoi Lingchlár+ 2015 agus Lingchlár+ 2016. Caitheadh €7,380,000 san iomlán maidir le Cúrsaí Tiontaithe TFC in 2016.

Thaispeáin anailís ar Lingchlár+ 2011-2016 a foilsíodh i C4 2016 an méid seo a leanas:

- Tá 80% de rannpháirtithe Lingchláir+ (2011-2015) imithe ón bheochlár
- Tháinig méadú mar seo a leanas ar rátaí fostaíochta laistigh de thréimhse 3-6 mhí tar éis baint amach na céime: 37% in 2011 agus 61% in 2014.
- Tá méadú tagtha ar chúrsaí atá ar líne amháin ó 10% d'áiteanna in 2011 go 15% d'áiteanna in 2016 - rud a thugann rochtain ar chúrsaí ó áit ar bith sa tír
- Ní raibh aon cháilíocht ardoideachais roimhe ag 16% de rannpháirtithe agus tá méadú tagtha ar rátaí fostaíochta i measc céimithe leibhéil 6 ó 21% in 2011 go 58% in 2014, agus tá níos mó de na céimithe seo ag leanúint ar aghaidh chun staidéar breise a dhéanamh
- Lena chois sin thacaigh an tionscnamh le rochtain ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus le deiseanna athoiliúna: tá 63% de rannpháirtithe idir 30 agus 49 mbliana d'aois agus 10% idir 50 agus 65 bliana d'aois.

4.8.3 Comhairle Náisiúnta Scileanna

Déanann an Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025 agus an Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019 foráil do bhunú Comhairle Náisiúnta Scileanna agus d'athnuachan sainchúram an Shainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí. Is iad seo príomhghnéithe an bhonneagair náisiúnta nua um scileanna. Bhí an obair ar bhunú na Comhairle ar siúl i gcónaí le linn 2016 agus meastar go mbeidh an Chomhairle bunaithe go luath in 2017. Agus í curtha ar bun déanfaidh sí maoirseacht ar thaighde agus cuirfidh sí comhairle ar fáil maidir le ord tosaíochta riachtanais scileanna aitheanta agus maidir le soláthar i leith riachtanas aitheanta a chinntiú. Cuirfear eolas ar fáil don gComhairle ó réimse foinsí lena n-áirítear an Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, an tAonad Taighde ar Scileanna agus Margadh Saothair i SOLAS agus na Fóraim Scileanna Réigiúnacha.

4.8.4 Fóraim Scileanna Réigiúnacha

D'fhonn naisc níos láidre idir fostóirí agus an earnáil oideachais agus oiliúna a chothú tá 9 bhFóram Scileanna Réigiúnacha curtha ar bun ag an Roinn. Tá bainisteoir ag gach ceann díobh. Tá pleananna oibre forbartha ag na Fóraim Scileanna Réigiúnacha agus cuirfidh siad tuairiscí um dhul chun cinn isteach ar bhonn ráithiúil. Ag an bpointe seo tá an naoi gcinn d'Fhóraim Scileanna Réigiúnacha ar an bhfód le beagáinín níos mó na sé mhí anuas agus tá céimeanna forbartha éagsúla bainte amach acu. Tá comharthaí luatha dá gcuid oibre dearfach maidir le hacmhainneacht na bhForam tionchar mór a imirt ag an leibhéal réigiúnach i dtaobh príomhluchtanna leasa a thabhairt le chéile chun freagraí meara a fhorbairt do riachtanais atá ag teacht chun cinn agus, lena chois sin, sonraí níos fearr a thógáil maidir le riachtanais fiontair agus fostóirí an réigiúin. Tá sé i gceist idirghníomhú go leanúnach leis na Fóraim d'fhonn a chinntiú go dtabharfar lán-tacaíocht dá gcuid oibre. Tabharfaimid tús áite d'eolas láidir a tháirgeadh a chuirfear faoi bhráid na Comhairle Scileanna Náisiúnta agus í bunaithe.

Seoladh suíomh gréasáin faoi Scileanna Réigiúnacha www.regionalskills.ie i mí Bhealtaine 2016 mar uirlis chumarsáide d'fhostóirí agus do sholáthraithe oideachais agus oiliúna. Tríd na sonraí a chuireann an tAonad Taighde ar Scileanna agus Margadh Saothair de chuid SOLAS ar fáil tugann an suíomh gréasáin rochtain ar phróifíl mhionsonraithe gach ceann den 9 réigiúin a baintear ó gach sraith taighde agus sraith sonraí faoi scileanna lena mbaineann chun bunús a thabhairt do chomhphlé eolach faoi riachtanais scileanna. Tugann gach Bainisteoir Fóram Réigiúnach Scileanna an suíomh gréasáin cothrom le dáta go rialta maidir lena réigiún féin.

4.8.5 Plean Gníomhaíochta um Scileanna TFC

Taispeánann an 2ra Tuarascáil ar Fheidhmíocht Córais d'Ardoideachas a foilsíodh i mí na Nollag 2016 go bhfuil méadú tagtha ar líon na gcéimithe ó chláir a bhaineann le TFC ag leibhéil 8 go 10, ó 2,362 in 2012 go 3,341 in 2014. Trí Lingchlár+ agus cúrsaí tiontaithe TFC bhain breis is 3,500 céimí cáilíochtaí TFC amach ag leibhéil 6 go 9 in 2014 agus 2015. I bhfianaise an éilimh ar ghairmithe TFC atá ag méadú tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an bPlean Gníomhaíochta TFC agus foilseofar plean nua in 2017.

Tá na cláir TFC ar reáchtáiltear faoi Lingchlár+, lena n-áirítear Clár Tiontaithe TFC páirtaimseartha a tugadh isteach in 2016 agus a bhfuil teacht air ag daoine beag beann ar a stádas fostaíochta, tá sé ina chuid de sraith bearta chun cur le soláthar céimithe TFC mar chuid de chur i ngníomh an Phlean Gníomhaíochta um Scileanna TFC 2014-2018. De bhreis ar na cúrsaí TFC spriocdhírithe Lingchlár+ déanann an tÚAO maoiniú ar áiteanna breise ar chúrsaí Eolaíocht Ríomhaireachta príomhshrutha ag léibhéal 8. In 2016 rinneadh maoiniú ar 400 áit breise. Déantar maoiniú i gcónaí ón gCiste Infheistíochta do Theicneolaíocht Faisnéise ar choinneáil chláir TFC de chuid na nInstitiúidí Ardoideachais agus cuirtear bloc-mhaoiniú bliantúil ar fáil d'Institiúidí Ardoideachais (€80,000 d'Ollscoileanna agus €54,000 d'Institiúidí Teicneolaíochta). Leithdháileann Institiúidí Ardoideachais an maoiniú seo thar a gcuid gníomhaíochtaí coinneála ar leith. Dírítear na gníomhaíochtaí ar chuimsiú macléinn a thagann isteach, tacaíochtaí agus áiseanna do gach macléinn agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe do mhicléinn ag a bhfuil deacrachtaí.

I dtuarascálacha ar ghníomhaíocht in 2016 tugtar sonraí faoi bhreis is 100 tacaíocht choinneála ar leith a chuirtear ar fáil do mhicléinn TFC. Áirítear orthu seo lárionaid tacaíocht foghlama; ranganna teagaisc breise i gcaitheamh an tsamhraidh agus ar deirí seachtaine; meantóireacht phiara; tacaíocht foghlama mata; agus bonneagar feabhsaithe. Lena chois sin tacaíonn an ciste leis an soláthar ar Champaí Samhraidh Eolaíocht Ríomhaireachta do scoláirí dara leibhéil. In 2016 maoiníodh 29 gcampa go náisiúnta. Ghlac breis is 1,245 scoláire páirt iontu. Bronnadh €5,000 ar gach Institiúid Ardoideachais chun tacú le cláir champa. De ghnáth dírítear campaí ar scoláirí idirbhliana agus leanann siad ar aghaidh ar feadh seachtaine.

4.8.6 Printíseachtaí

Cuireadh tús leis na printíseachtaí nua in 2016 a eascraíonn as tionscnamh an Rialtais printíseacht a leathnú chuig roinnt réimsí nua. Thosaigh printíseachtaí nua i gCleachtas Árachais agus Innealtóireacht Leictreach Tionscail. Cuireadh na cláir nua seo ar siúl mar thoradh ar dhlúthchomhar idir fostóirí agus soláthraithe oideachais agus oiliúna ar fud an phróisis forbartha mhionsonraithe ar fad. Tá plean nua déanta chun printíseacht a leathnú agus tá cúrsaí oiliúna ar fáil anois leis agus spriocanna uaillmhianacha acu i gcomhair gach bliana ó 2016-2020. Tá torthaí dearfacha ar chlárúcháin sna ceirdeanna in 2016, leis; tá ardú 19% ar 2015. Rinneadh 3,700 clárúchán in 2016. Is trí oiread an líon é seo, nach mór a bhí ann in 2011 agus 2012.

4.8.7 Skillnets

D'fhaomh Bord Skillnets Ráiteas Straitéise Skillnets 2016-2019 i mí Mheán Fómhair 2016 tar éis Próiseas Comhairliúcháin fairsing leis na príomhluchtanna leasa a lean ar aghaidh ar feadh 3 mhí. Aithníodh roinnt pleananna straitéiseacha cumasaithe a eascraíonn as an Ráiteas Straitéise. Tá na pleananna cumasaithe seo á bhforbairt ag Skillnets faoi láthair - déantar paraiméadar a shainiú ar nós: raon cláir, sruthanna oibre, fachtóirí criticiúla ratha, céimniú sruth oibre, acmhainniú agus buiséid. Tá athdhearadh tosaigh ar an eagraíocht agus obair athdheartha poist tugtha chun críche chun múnla oibríochta Skillnets a thabhairt ar aon dul leis an Straitéis 2016-2019.

4.8.8 Forbairt Lucht Saothair BOO

Cuireadh obair i gcrích in 2016 ar chreat beartais d'fhorbairt fostaí laistigh den bhreisoideachas agus oiliúint i ndáil le gníomhartha agus spriocanna atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Scileanna go dtí 2025.

4.9 Taighde

Tá Institiúidí Ardoideachais na hÉirinn ríthábhachtach d'fhorbairt daoine ardchumais na hÉireann agus cuireann siad go mór le tairiscint idirnáisiúnta na hÉireann trína n-acmhainn taighde. Tá an acmhainn seo ag soláthar tionchair eacnamaíoch atá ag dul i méid mar thoradh ar thráchtálú a bheith á dhéanamh ar infheistíochtaí taighde na hÉireann. In athbhreithniú a rinne Knowledge Transfer Ireland tháinig méadú faoi seacht ar an meánlíon LOAnna (licenses/options/agreements) (ceadúnais/roghanna/comhaontuithe) idir 2005 agus 2012. Le linn na tréimhse céanna ba é 22 meánlíon na mac-chuideachtaí taighde a bunaíodh in aghaidh na bliana: méadú 450% nach mór.

Lena chois sin rinne an tArdoideachas maoiniú taighde idirnáisiúnta suntasach a ghiaráil d'Éirinn. Sa tréimhse ó thús Horizon 2020, mí Eanáir 2014 go mí Mheán Fómhair 2016, bhuaigh Éire €336m. I gcomparáid leis seo ba é €625m an méid a tharraing Éire anuas san iomlán idir an gclár roimhe sin, FP7 (2007-2013). Is iad na h-institiúidí Ardoideachais i gcónaí na príomhthairbhithe Horizon 2020. Fuair siad 59% den maoiniú a buadh go dtí seo.

4.10 Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta

Foilsíodh Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta 2016-2020 nua dar teideal Oilte in Éirinn, Nasctha ar fud an Domhain in 2016. Tá mar aidhm ag an straitéis seo tacú le forbairt saoránach domhanda trí chóras oideachais sármhaith idirnáisiúnta na hÉireann. É seo a dhéanamh trí daoine cumasacha ó gach cearn den domhan a mhealladh chuig ár n-institiúidí oideachais chun go dtabharfaidh siad na scileanna agus an taithí d'fhoghlaimeoirí Éireannacha atá uathu chun tabhairt faoin iomaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta, a bheith páirteach i dtaighde den chéad scoth agus i gcomhoibriú idirnáisiúnta, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Buailfidh an Grúpa Ardleibhéil um Chur i nGníomh agus ceithre cinn d'fhoghrúpaí le chéile go rialta ar fud tréimhse na Straitéise agus tuairisceoidh siad faoina ndul chun cinn ar chur i ngníomh gníomhartha na Straitéise nua dhá uair sa bhliain ar a laghad.

Foilseachán in 2016: *Oilte in Éirinn Nasctha ar fud an Domhain: Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta d'Éirinn, 2016-2020*

4.11 Erasmus+

Is é Erasmus+ an Clár de chuid an AE d'Oideachas, Oiliúint agus Spórt i gcomhair 2014-2020. Faoin gClár seo chur an Coimisiún Eorpach maoiniú €20m, nach mór, ar fáil do thairbhí, tionscnóirí togra agus comhpháirtithe in Éirinn ar fáil. Tá sé seo ag teacht, isteach is amach, leis an mbliain seo caite agus is méadú 12% é i gcomparáid le 2014. Tugtar maoiniú i gcomhair soghluaisteachtaí, comhpháirtíochtaí idir eagraíochtaí agus obair bheartais.

Maoiniú ón gCoimisiún Eorpach d'Erasmus+ (2014-2020)			
Catagóir	**2014 (€)**	**2015 (€)**	**2016 (€)**
Erasmus+ scoileanna	1,307,671	2,863,261	2,600,299
Erasmus+ oideachas agus oiliúint ghairme (VET):	4,278,442	3,904,761	4,012,928

Erasmus+ oideachas aosach	1,644,297	931,820	922,225
Erasmus+ óige	2,898,321	3,036,979	3,117,912
Erasmus+ AO	7,705,791	9,430,206	9,341,690
Iomlán	**17,834,522**	**20,167,027**	**19,994,964**

4.12 Beartas um Oideachas Fiontraíochta san Ardoideachas

Le linn 2016 chuir an Roinn tús le treoirlínte do scoileanna a dhréachtú maidir le fiontraíocht i scoileanna a neartú agus a chur chun cinn d'fhonn tacú le rannpháirtíocht agus forbairt scileanna níos mó i scoláirí nuair a bheidh siad ag tabhairt faoin oideachais tríú leibhéil. Tá sé i gceist na treoirlínte a bheith críochnaithe agus eisithe chuig scoileanna i lár 2017.

4.13 Aitheantas ar Réamhfhoghlaim

Reáchtáladh comhairliúcháin le roinnt luchtanna leasa éagsúla ó earnálacha ardoideachais agus breisoideachais agus oiliúna, ionadaithe foghlaimeoirí, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, Ionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas, d'fhonn féachaint ar an tslí is éifeachtaí chun dul chun cinn náisiúnta in Aitheantas ar Réamhfhoghlaim ar cuireadh tús leis in 2016 a threorú. Mar thoradh air seo bunófar Grúpa Oibre in 2107 chun beartas náisiúnta um Aitheantas ar Réamhfhoghlaim a fhorbairt.

4.14 Liosta eatramhach de Sholáthraithe Incháilithe

Is é atá sa liosta eatramhach de Sholáthraithe Incháilithe ná liosta teoranta de chláir oideachais a mheastar a bheith ag tabhairt údair do chead a thabhairt do mhicléinn fanacht agus obair in Éirinn. Athleasú tábhachtach is ea é ar an gcóras inimirce do mhicléinn um oideachas idirnáisiúnta a d'fhógair an Rialtas i mí Bhealtaine 2015. Foilsíodh an chéad leagan iomlán den liosta in 2016 agus táthar á thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Mar chuid de phróiseas an Liosta eatramhach de Sholáthraithe Incháilithe rinneadh cigireacht ar 2016 sholáthraí Béarla in 2015/2016. Tá soláthraithe faoi réir cigireachtaí, corrsheiceála agus monatóireacht géilliúlachta eile gan choinne mar chuid den bpróiseas. Beart eatramhach is ea an Liosta eatramhach de Sholáthraithe Incháilithe le linn a bheith ag feitheamh ar Chomhartha Oideachais Idirnáisiúnta (International Education Mark) um sholáthar oideachais d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta. Tabharfaidh sé seo creat cáilíochta iomlán san am atá romhainn. Beidh na leasuithe dlí atá riachtanach chun tabhairt isteach an Chomhartha Oideachais Idirnáisiúnta a éascú sa Bhille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú). In 2016 thug an Rialtas cead ullmhú Scéim Ghinearálta an Bhille a chur ar aghaidh. Tá sé i gceist an Comhartha Oideachais Idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm in 2018.

Sprioc 5 - Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta

Glacann an Roinn cur chuige i leith an chórais uile maidir le feabhsuithe thar an gcóras oideachais a stiúradh agus a threorú d'fhonn torthaí níos fearr a sheachadadh d'fhoghlaimeoirí. Is straitéis thábhachtach chun ár gcuspóirí uaillmhianacha a bhaint amach é a chinntiú go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú go leanúnach ar ár spriocanna, agus a chinntiú go bhfuil na struchtúir agus na próisis chuí ar siúl i réimsí forbairt agus anailís beartais straitéisigh, faireacháin agus rialachais, bainistiú tionscadail agus cuntasachta. Bainfear tairbhe as deiseanna an sásraí soláthar seirbhíse ilchineálacha a chruthú agus a chur chun úsáide, sásraí ar nós nuálacha teicneolaíochta, modhanna soláthar seirbhíse roinnte agus straitéisí faisnéise agus cumarsáide ardcháilíochta. Is mar seo go príomha a éireoidh linn tacú le seachadadh ár gcuspóirí roinnte.

Athbhreithniú ar an mBliain faoin Sprioc seo

- Foilsíodh an chéad Phlean Gníomhaíochta don Oideachas. Sa phlean tugtar breac-chuntas ar na céadta gníomhartha agus fo-ghníomhartha atá le cur i ngníomh idir 2016 - 2019, mar aon le línte ama agus freagracht ceannaireachta a bheith sannta. Sna struchtúir nua um chur i ngníomh beidh tuairiscí ráithiúla ar dhul chun cinn agus plean nuashonraithe a fhoilseofar i dtosach gach bliana.
- Forbraíodh Straitéis Sonraí nua don Roinn le haghaidh a foilsithe go luath in 2017. Tá 50+ beart sa straitéis lena gcinnteofar go bhfuil sonraí iontaofa ardcháilíochta ar fáil agus á n-úsáid chun fothú isteach i bhforbairt beartais, cinnteoireacht, gníomhaíochtaí oibriúcháin agus measúnacht torthaí de chuid na Roinne.
- Infheistíodh €800m san iomlán tríd an bPlean um Sheirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna chun tacú le breis is 340,000 tairbhí thar réimse clár Breisoideachais agus Oiliúna ag leibhéil 1-6 de Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí.
- Foilsíodh tuarascáil ar Thodhchaí Maoinithe d'Ardoideachas chun tacú le forbairt na heacnamaíochta. Leanfar ar aghaidh le cur chuige comhaontaithe i leith cur i ngníomh moltaí na tuarascála seo in 2017.
- Caitheadh €529.7m san iomlán ar ghealltanais sa Chlár Tógála a chomhlíonadh. Is ionann sin agus méadú breis is €20m i gcomparáid leis an méid a caitheadh in 2015.
- Cuireadh céim 1 de Bhunachair Shonraí Bunscoile agus Iar-bhunscoile a éascaíonn iontráil gearrchúrsaí faoi Athchóiriú clár na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm go céimneach.
- Cuireadh forbairt seirbhísí roinnte d'Acmhainní Daonna, Pinsin, Párolla agus Bainistiú Airgeadais chun cinn.
- Forbraíodh córas achomhairc nua néalbhunaithe don mBord Achomhairc Dheontais Mhacléinn mar thionscnamh seirbhíse custaiméara chun dul in ionad an chórais achomhairc roimhe seo a bhí bunaithe ar pháipéar.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis seo agus faoi obair eile a rinneadh faoin Sprioc seo leagtha amach anseo thíos.

5.1 Plean Gníomhaíochta don Oideachas (2016-2019)

In 2016 sheol an Roinn an chéad Phlean Gníomhaíochta don Oideachais riamh. Pléann sé leis an tréimhse 2016-2019. Is é fís lárnach an Phlean go ndéanfar an córas oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip de chóras Oideachais agus Oiliúna na hÉireann thar an deich mbliana seo chugainn. Bainfear seo amach trí dhíriú ar chúig sprioc ardleibhéil:

- Feabhas a chur ar an eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí
- Feabhas a chur ar dhul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu
- Cabhrú leo siúd a thugann seirbhísí oideachais feabhas a chur orthu féin go leanúnach

- Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal i gcoitinne
- Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta

Beidh na spriocanna ardleibhéil seo ina mbonn ag clár oibre na Roinne don trí bliana seo chugainn. Is é is cuspóir dó córas oideachais agus oiliúna a chur ar fáil a thugann an t-eolas agus na scileanna d'fhoghlaimeoirí atá uathu chun a n-acmhainneacht a bhaint amach agus chun a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus san eacnamaíocht trí eispéiris oideachais agus oiliúna ardcháilíochta a fháil a bhaineann an leas is fearr as acmhainní, agus obair chun feabhas a chur ar chuntasacht as torthaí oideachais ar fud an chórais.

D'fhonn a chinntiú go ndéanfar dul chun cinn i ngach ceann den gcúig réimse seo foilseofar Pleananna Gníomhaíochta nuashonraithe gach bliain ina bpléifear na gníomhartha a chuirfear i bhfeidhm le linn an 12 mhí dá gcionn. Lena chois sin foilseoidh an Roinn tuarascálacha ar dhul chun cinn i gceann gach ráithe.

5.2 An Clár um Athchóiriú Cuimsithe a Sheachadadh

Rinneadh athbhreithniú ar Phlean na Roinne um Athchóiriú Cuimsithe a Sheachadadh in 2016 chun Plean Gníomhaíochta Oideachais na ROS a chuimsiú agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é in 2016. Lean an Roinn uirthi ag plé le hOifig Clár an Rialtais i Roinn an Taoisigh maidir le Tuairisciú i dtaobh Clár an Rialtais ar feadh 2016 ar fad.

5.3 An Straitéis Sonraí

Forbraíodh Straitéis Sonraí nua don Roinn in 2016 le haghaidh a foilsithe go luath in 2017. Sainaithnítear ceithre phríomhchuspóir sa straitéis - inniúlacht agus cumas maidir le sonraí a chothú, rialachas agus bainistíocht maidir le sonraí a neartú, comhar maidir le sonraí a neartú agus úsáid agus luach sonraí a uasmhéadú. Beidh Aonad um Rialachas agus Tacaíocht Sonraí i gceannas ar chur i ngníomh na straitéise. Tacóidh sé le foireann atá i mbun bainistíochta agus úsáide sonraí agus éascóidh sé comhar maidir le gníomhaíocht a bhaineann le sonraí ar fud na hearnála oideachais agus le comhlachtaí Rialtais.

5.4 Maoiniú Breisoideachais

Rinneadh athruithe suntasacha ar an tslí a ndéantar cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a phleanáil agus a mhaoiniú ó foilsíodh an Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna in 2014. Tá SOLAS agus na BOO ag obair le chéile chun pleananna seirbhíse bliantúla a dhéanamh a bhfuil beartais agus straitéisí náisiúnta mar bhonn eolais acu atá bunaithe in anailís ar éileamh scileanna áitiúil agus ar sholáthar saothair.

Céim thábhachtach ab ea an plean Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna 2016 maidir le cur i ngníomh an mhúnla nua pleanála agus maoinithe. Agus breis is €800m infheistithe i bplean na bliana 2016, leagtar amach ann conas a thacódh réimse cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna ag leibhéil 1-6 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí le breis is 340,000 tairbhí a bhfuil i dteagmháil leis an earnáil i gcaitheamh na bliana.

5.5 Maoiniú Ardoideachais

Foilsíodh tuarascáil Cassells ar Mhaoiniú Ardoideachais amach anseo le linn 2016 agus cuireadh ar aghaidh í chuig Coiste an Oireachtais le haghaidh a breithnithe. Meastar go mbeidh tuilleadh teagmhála ar siúl go luath in 2017 d'fhonn cur chuige comhaontaithe a chur ar bun i leith cur i ngníomh moltaí na tuarascála roimh Bhuiséad 2018.

5.6 Creat Feidhmíochta Ardoideachais

D'fhoilsigh an Roinn an dara Tuarascáil ar Fheidhmíocht Córais a bhí ullmhaithe ag an ÚAO in 2016. Leagfaidh an Roinn amach fís ilbhliantúil do thodhchaí an Ardoideachais a ndéanfar Creat Feidhmíochta Córais nua a fhorbairt lena linn don Ardoideachas i gcomhair na tréimhse go 2021. Sa Chreat Feidhmíochta Córais nua cuirfear in iúl na tosaíochtaí agus na cuspóirí náisiúnta don gcóras ardoideachais thar na blianta atá romhainn.

5.7 An Bille um Leasú an Ardoideachais

Déantar foráil do chur i ngníomh athchóiriú coiste rialaithe na nInstitiúidí Teicneolaíochta sa Bhille na nOllscoileanna Teicneolaíochta. Déanann cur i ngníomh na Straitéise Ardoideachais foráil do roinnt athchóirithe eile idir rialachas, mhaoiniú agus struchtúrtha nach mór a chumasú trí reachtaíocht. Déantar foráil do roinnt athchóirithe sa Scéim Ghinearálta don mBille um Leasú an Ardoideachais. Áirítear air seo an t-athchóiriú ar coiste rialaithe ollscoile agus athchóiriú an Údarás Ardoideachais. Leanadh d'obair dhréachtaithe maidir leis an mBille um Leasú an Ardoideachais in 2016 d'fhonn an Bille a fhoilsiú go luath in 2017.

5.8 Párolla agus Pinsin

Tugann an Roinn seirbhísí párolla agus pinsin do mhúinteoirí agus foireann scoile i ngach scoil (ach amháin earnáil na mBOO) trí íocaíochtaí a eisiúint do bhreis is 120,000 duine i gceann gach coicíse.

In 2016 rinne an roinn iarratais scoir a phróiseáil do bhreis is 1,000 múinteoir agus foireann neamh-theagaisc, d'eisigh sí breis is 400 ráiteas do mhúinteoirí agus d'fhoireann neamh-theagaisc a raibh sonraí faoina gcuid sochair phinsin á lorg acu, rinne sí soláthar do bhreis is 900 aistriú pinsin, rinne sí soláthar do bhreis is 500 luachan meas-seirbhíse, rinne sí próiseáil ar bhreis is 800 fiosrú dlí teaghlaigh agus breis is 100 iarratas ar bhlianta de bhreis tríú leibhéil.

Chuir an Roinn an dara chéim den Samhaltóir Pinsin do mhúinteoirí agus d'fhoireann neamh-theagaisc i ngníomh go céimneach. Áiríodh air seo ráitis sochair chostas-neodracha. Lena chois sin chuir an Roinn tús le Céim 1 de Thionscadal Digitithe chun gach comhad párolla agus pinsin a scanadh ar líne. Tá sé i gceist Céim 1 a chríochnú sa 1ú ráithe de 2017.

5.9 Clár Tógála 2016

Tá d'aidhm ag an Roinn bonneagar cuí a sholáthar do thimpeallachtaí foghlama chun go mbeidh teacht ag gach foghlaimeoir ar thimpeallacht foghlama nua-aimseartha. Tá an Roinn ag díriú go háirithe ar cóiríocht a sholáthar chun freastal ar an éileamh ar áiteanna scoile i gceantair ina bhfuil fás faoi líon na scoláirí ar an rolla.

In 2016 caitheadh €529.7m san iomlán ar bhonneagar scoileanna. Ar thorthaí na hinfheistíochta seo áirítear 50 tionscadal mórscála a críochnaíodh; 32 díobh san earnáil bhunscoile agus 18 san earnáil iar-bhunscoile. Soláthraíodh 8,568 áit scoile bhuana ar áiteanna buana breise 7,392 díobh. Cuireadh ar fáil iad i 20 Bunscoil nua. Cuireadh 2,158 áit bhuan breise ar fáil in 12 bhunscoil atá ann cheana féin.

San earnáil iar-bhunscoile críochnaíodh 10 scoil nua agus 8 méadú mhóra nó tograí athchóirithe in 2016. Leis na tograí seo soláthraíodh 9,310 áit scoile bhuana san iomlán. Áiteanna buana breise ab ea 5,740 díobh. Lena chois sin soláthraíodh áiseanna feabhsaithe do 3,190 scoláire.

In 2016, ceannaíodh 22 láthair a úsáidfear chun cóiríocht scoile a sholáthar do 19 gcinn de bhunscoileanna agus 3 chinn d'iar-bhunscoileanna.

5.9.1 An Scéim um Chóiríocht Bhreise

Críochnaíodh 182 thogra faoin Scéim um Chóiríocht Bhreise agus an Tionscnamh um Ionadú Foirgneamh Réamhdhéanta. Tugann sé 6,998 n-áit scoile bhuana.

5.9.2 Scéim na nOibreacha Samhraidh

Le linn 2016 faomhadh 197 tionscadal san iomlán faoin Scéim Oibreacha Samhraidh agus measadh 453 iarratas a bheith incháilithe faoin Scéim Oibreacha Éigeandála.

5.9.3 Modheolaíochtaí Éagsúla a úsáid chun Tograí móra a Fhoirgniú

I bplean sé bliana na Roinne tá modhanna malartacha chun tograí a sheachadadh, an próiseas comhpháirtíochta poiblí príobháideach san áireamh. Shroich líon na scoileanna i mbun oibriúcháin a chuirtear ar fáil trí shocruithe Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí 27 gceann faoi 2016. Cuireadh tús le tógáil ar bheart scoileanna Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí eile a chuirfidh 5 scoil ar fáil.

Tá gníomhaireachtaí cosúil le hOifig na nOibreacha Poiblí, na Boird Oideachais agus Oiliúna, an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta mar aon le roinnt Údarás Áitiúil agus Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin ag cabhrú i gcónaí chun 69 dtogra scoile móra a sheachadadh.

5.9.4 Bainistiú Airgeadais, Iniúchadh, Breithmheas agus Córais Bainistithe Shócmhainní

Tá roinnt creatlaí chun comhairleoirí a cheapadh i bhfeidhm do thograí níos mó atá casta agus práinneach. Ag deireadh na bliana 2016 chuir an Roinn tús le chigireachtaí ar 120 scoil a raibh maoiniú tarmligthe faighte acu agus a raibh a gcuid tograí críochnaithe acu faoi dheireadh 2015 d'fhonn a dhearbhú gur críochnaíodh na hoibreacha de réir treoirlínte na Roinne.

5.9.5 Meamram Tuisceana le hÚdaráis Áitiúla

Lean an Roinn uirthi ag obair le hearnáil na n-údarás áitiúil chun ceannach láithreacha a chur ar aghaidh i gceantair ábhartha le linn 2016 faoin Meamram Tuisceana idir an Roinn agus Comhghrúpa na mBainisteoirí Contae agus Cathrach. Tugann an idirghníomhaíocht a thagann chun cinn mar thoradh ar an Meamram Tuisceana a chur i bhfeidhm cinnteacht níos fearr don Roinn maidir le torthaí pleanála a bhaineann leis na láithreacha.

5.9.6 Suíomh gréasáin

Foilsítear liostaí tionscadal atá faofa i gcomhair a seachadta ar shuíomh gréasáin na Roinne gach mí. Má tá tionscadail mhóra i gceist cuirtear an t-eolas is deireanaí ar dhul chun cinn ar fáil trí chéimeanna éagsúla an phróisis seachadta. Má tá tionscadail bheaga tharmligthe i gceist foilsítear eolas fúthu go seachtainiúil. Liostáiltear ainm na scoile, an cineál tionscadail agus dátaí a bhfaofa.

5.9.7 Tionscadail Chaipitil Ardoideachais

Ba é 31.5m an caiteachas caipitil ar bhonneagar ardoideachais in 2016. Baineadh úsáid as maoiniú chun roinnt príomhthograí a chur ar aghaidh. Áirítear orthu Leabharlann Glucksman a thógáil ag Ollscoil Luimnigh, Campas Naomh Pádraig a fhorbairt ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, comhdhlúthú Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Ghormáin agus feabhsuithe bonneagair i roinnt Institiúidí Teicneolaíochta. Lena chois sin íocadh deontas tarmligthe €10m le 14 Institiúid Teicneolaíochta do mhionoibreacha agus trealamh, uasghrádú TFC san áireamh. Go déanach in 2016 tionscnaíodh athbhreithniú ar riachtanais chaipitil in institiúidí ardoideachais. Beidh sé seo mar bhonn eolais ag na paraiméadair an chláir Chomhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí don ardoideachas atá le teacht.

5.9.8 Éifeachtacht Fuinnimh i Scoileanna

Tá an Roinn ar tús cadhnaíochta i ndearadh maidir le héifeachtacht fuinnimh inbhuanaithe i bhfoirgnimh scoile. Cuireann Doiciméid um Threoir Theicniúil de chuid na Roinne an tagarmharc do dhearadh inbhuanaithe i bhfoirgnimh scoile. Dírítear go soiléir ar éifeachtacht fuinnimh le tacaíocht ó chlár taighde fuinnimh láidir a bhfuil ocht dtionscadal taighde is daichead ag céimeanna éagsúla idir lámha aige.

Ar na tionscadail seo áirítear taighde agus monatóireacht maidir leis an chéad ghlúin eile de dhearthaí scoile fuinnimh ísil lena n-áirítear Tograí Tógála Gar do Ráta Fuinnimh Nialasach, togra Choláiste Choilm agus an togra um scoileanna éighníomhacha.

Tá ar chumas gach scoile atá tógtha de réir na nDoiciméad Treorach Teicniúla Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) A3 a bhaint amach ar a laghad.

Tairgeann an clár Fuinneamh san Oideachas ar comhpháirtíocht le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann é ceardlanna oiliúna i mBainistíocht Fuinnimh agus Seirbhís Chomhairlithe, Meantóireachta agus Measúnachta do scoileanna. Mar chuid den gclár seo tairgeann an tairseach ar líne www.energyineducation.ie comhairle barrchleachtais agus staidéir cháis. Tá beagnach 600 scoil rannpháirteach sa chlár ag leibhéil éagsúla um an taca seo. Téitear i gcomhairle le líonra luchtanna leasa san earnáil oideachais maidir le forbairt agus seachadadh an chláir agus cabhraíonn siad chun é a chur in iúl do scoileanna ballraíochta. Áirítear orthu Comhlachas Náisiúnta na mBord Bainistíochta in Oideachas Speisialta, Bord Oideachais Ard-Sionad Eaglais na hÉireann, Ag Foghlaim le Chéile, an Chomheagraíocht Bhainistíochta agus Comhlachas na bPobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha. Is féidir le scoileanna a bhíonn rannpháirteach sa Chlár Fuinneamh san Oideachas teacht ar chomhairle iontaofa phraiticiúil agus éiríonn leo fuinneamh a shábháil trí bhearta costais ísil nó bearta nach bhfuil aon chostas orthu.

Foilseachán in 2016: *Guidance Document for the Provision of Wireless Network Installations in Post Primary Schools arna fhoilsiú mí Bhealtaine 2016*

Cruthaíodh an doiciméad seo chun comhairle agus treoir a chur ar fáil maidir le líonraí Wi-Fi in iar-bhunscoileanna in Éirinn. Ar na daoine a bhfuil sé dírithe orthu áirítear údaráis scoile, príomhoidí scoile, múinteoirí a bhfuil baint acu le pleanáil, soláthar agus tacaíocht Wi-Fi i scoileanna agus Foirne Deartha i dtograí tógála iar-bhunscoileanna.

5.10 Athchóiriú na hEarnála Poiblí

In 2016 lean an Roinn uirthi ag tacú go gníomhach agus ag cumasú cur i ngníomh cláir athchóirithe uileghabhálaigh san earnáil Oideachais agus Oiliúna de réir Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 2014-2016. Lean an Roinn uirthi ag forbairt struchtúir rialachais láidre agus ag tacú le slite oibre nua a chur i ngníomh trí Sheirbhísí Roinnte, Seachadadh Seirbhísí Seachtracha agus Soláthar. Is tríd an bPlean um Sheachadadh Athchóirithe Chomhtháite agus na Pleananna um Sheirbhís Roinnte agus um Sheachadadh Seirbhíse Seachtraí 2014-2016 a fhorbairt agus a chur i ngníomh atá sé seo á dhéanamh. Leanadh den obair ar chur i ngníomh an chláir athchóirithe in 2016.

Le linn 2016 rinne an Roinn maoirsiú ar chríoch a bheith á cur ar roinnt tionscnamh athchóirithe ar an earnáil a rinneadh chun bonneagar na mBOO a chobhsú mar ullmhúchán do chur i ngníomh seirbhísí roinnte. Áiríodh air seo Feidhmeanna Ionad Oiliúna a bhunú i gcúig cinn de BOO, comhaontú ar straitéis TFC de chuid BOO, nasc idir ceannoifigí BOO uile le Líonraí Rialtais agus tús a chur le athbhreithniú mór ar dhearbhú cáilíochta thar earnáil Breisoideachais agus Oiliúna na mBOO.

Lena chois sin cuireadh an struchtúr eagraíochta nua don earnáil BOO i ngníomh. Tá struchtúr gach BOO eagraithe timpeall ar trí thaca anois - Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúna agus Tacú & Forbairt Eagraíochta. Tuairiscíonn siad don bPríomhfheidhmeannach. Beidh 52 bhainisteoir sinsearach ann thar na mBOO d'fhonn tacú leis an struchtúr nua. Ceapadh 80% de bhainisteoirí sinsearacha nua in 2016.

Tosaíodh in 2016 ar na tograí a fhorbairt, a dhearadh agus a chur i ngníomh chun córas nua Seirbhísí Roinnte Párolla agus córas nua Seirbhísí Roinnte Airgeadais a chur ar fáil don earnáil BOO. Táthar ag súil go gcuirfidh sé seo feabhas ar phróisis agus go ndéanfaidh sé iad a chaighdeánú ar mhaithe le feabhsuithe leanúnacha ar seirbhísí.

5.10.1 Seirbhísí Roinnte do Bhainistíocht Airgeadais

Tá an Roinn rannpháirteach sa Tionscadal Seirbhísí Roinnte do Bhainistíocht Airgeadais de chuid na Státseirbhíse agus tá roinnt bearta déanta aici chun a bheith ullmhaithe. In 2016 feidhmíodh go céimneach an Modúl Soláthair Oracle san Aonad Pleanála agus Tógála, TF agus Seirbhísí Corparáideacha mar chuid de na tionscadail ullmhúcháin. Bhí teagmháil fhairsing ann leis na foirne tionscadail maidir lenar chuir siad le cairt chuntas seirbhísí roinnte a fhorbairt.

5.10.2 Seirbhís Roinnte Acmhainní Daonna/Párolla Pinsin Scoileanna

Cuireadh tús le tionscadal Acmhainní Daonna Fostaithe Scoile/Párolla agus Pinsin in 2016. Bhí an chéad chruinniú ag an nGrúpa Stiúrtha agus foilsíodh ról an Bhainisteoir Tionscadail ar www.PublicJobs.ie chun cás Gnó a dhréachtú d'uasghrádú chuig caighdeáin seirbhísí roinnte iomlána.

5.10.3 Seirbhís Roinne Párolla agus Airgeadais BOO

Cuireadh an clár seirbhísí roinnte chun cinn le linn 2016. Tá seirbhísí roinnte párolla do BOO ag gabháil trí phróiseas athbhreithnithe piara de chuid Oifig Príomhoifigeach Faisnéise an Rialtais anois agus cuireadh amach dréacht-ghlao ar Thairiscintí chuig Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit in 2016 go ndéanfaí athbhreithniú air roimh a fhoilsiú. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag Oifig Príomhoifigeach Faisnéise an Rialtais ar airgeadas BOO agus tá dul chun cinn á léarscáiliú ag an Roinn chun na riachtanais mhionsonraithe don Ghlao ar Thairiscintí a fhorbairt.

5.10.4 Seirbhís Roinnte Acmhainní Daonna/Párolla Ardoideachais

Tá dul chun cinn déanta ar an tionscadal Acmhainní Daonna/Párolla Ardoideachais chuig an chéad chéim eile agus uasghrádú a bheith déanta ar bhogearraí na nInstitiúidí Teicneolaíochta trí Educampus agus trí ról an Bhainisteoir Tionscadail a bheith foilsithe.

5.10.5 Treoirlínte Soláthair do Scoileanna

Cuireadh tús le hobair ar fhorbairt straitéise d'aonad soláthair do scoileanna don tréimhse 2017-2019. Tá Dréacht-Lámhleabhar ar Threoirlínte Soláthair curtha le chéile agus scaipfear ar scoileanna é nuair a bheidh sé críochnaithe.

5.11 Forbairtí TFC

5.11.1 IMIS (Córas Faisnéise um Bhainistiú Cigireachta)

Rinneadh an Córas Faisnéise um Bhainistiú Cigireachtaí beo i mí Mheán Fómhair 2016. Baineann cigirí úsáid as an gCóras Faisnéise um Bhainistiú Cigireachtaí faoi láthair chun cigireachtaí a phleanáil agus sonraí cuairteanna cigireachta ar scoileanna a thaifeadadh. Déanfar na gnéithe tuairiscithe atá fágtha den bpróiseas tuairiscithe a fheidhmiú go céimneach le linn 2017.

5.11.2 Bunachar Sonraí Bunscoile Ar Líne

Cuireadh bogearraí i ngníomh i mí Mheán Fómhair 2016 chun an daonáireamh bunscoile bliantúil a uathoibriú ón mBunachar Sonraí Bunscoile.

5.11.3 Bunachar Sonraí Iar-bhunscoile Ar Líne

Cuireadh céim 1 den bhfeabhsú chun iontráil ghearrchúrsaí faoin gclár um Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí ar an mBunachar Sonraí Iar-bhunscoile Ar Líne a éascú i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2016.

5.11.4 An Córas ePQ

Cuireadh ePQnna atá forbartha ag Oifig Príomhoifigigh Fhaisnéise an Rialtais faoin snáithe Build-to-Share de Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm ag an Roinn in 2016.

5.11.5 Córas Achomhairc um Dheontais do Mhic Léinn

Le linn 2016 forbraíodh córas achomhairc nua néalbhunaithe don mBord Achomhairc Dheontais Mhacléinn mar thionscnamh seirbhíse custaiméara chun dul in ionad an chórais achomhairc roimhe seo a bhí bunaithe ar pháipéar. Rinneadh an próiseas achomhairc nua ar líne seo beo i mí na Nollag 2016 agus cuirfear tuilleadh feabhais air le linn 2017. Rinne SUSI tuilleadh feabhsuithe in 2016 maidir le próiseáil níos tráthúla ar iarratais deontais a dhéanamh.

5.12 Iompar Scoile

Le linn na scoilbhliana 2016/17 iompraíodh thart faoi 114,000 páiste lena n-áirítear tuairim is 10,000 páiste ag a bhfuil riachtanais speisialta, i mbreis is 4,000 feithicil go laethúil chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fud na tíre. Taistealaítear breis is 100m ciliméadar in aghaidh na bliana.

Foilseachán in 2016: *Athbhreithniú ar Ghné na Muirear Lamháltais agus Rialacha den Scéim Iompair Scoile*

5.13 An Ciste Eorpach um Dhomhandú

Cuireadh an tuarascáil dheiridh ar Chlár Ciste Eorpaigh um Dhomhandú Andersen isteach chuig an gCoimisiún Eorpach i mí na Samhna 2016. Bhain 138 oibrí iomarcacha leas as tacaíochtaí an Chiste Eorpaigh um Dhomhandú (100% díobh seo ar díríodh orthu) agus bhain 136 duine óg nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna leas as (99% as an sprioc arbh í 138). Ba é €1.816m an caiteachas deiridh ar an gclár. Is ionann sin agus 73% den leithdháileadh a faomhadh don gClár. Sáraíonn an ráta seo an ráta úsáide meánach a bhaintear as an leithdháileadh san AE, is é sin, 55% agus an ráta úsáide meánach in Éirinn, is ea sin 60%, thar na cláir Chiste Eorpaigh um Dhomhandú roimhe seo. Cuireadh treoir, oiliúint, oideachas agus tacaíochtaí fiontair ar fáil do thairbhí leis faoi na cláir Lufthansa Technik Airmotive Ireland agus PWA International EGF le linn 2016.

5.14 Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF) agus Clár Oibriúcháin

Rinne an Roinn maoirsiú ar bhainistiú an Chláir Oibriúcháin CSE um Fhostaíocht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020. Leagann sé amach creat chun €1.153 billiún san iomlán a leithdháileadh thar an tréimhse. Cuimsítear ann €542.4m as Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), có-mhéid ón Státchiste agus beagáinín níos mó ná €68m ón Tionscnamh Fostaíochta Óige de chuid an AE. Tacaíonn an Clár réimse leathan gníomhaíochtaí thar roinnt Ranna agus Gníomhaíochtaí Rialtais. Go sonrach i réimse an oideachais, déanann CSE cómhaoiniú Oiliúint BOO do dhaoine dífhostaithe; Lingchlár+ (lena n-áirítear Cúrsaí Tiontaithe TFC); Momentum; Ógtheagmháil; Rochtain ar Thríú Leibhéal; an Tionscnamh um Filleadh ar an Oideachas agus Litearthacht do Dhaoine Fásta. Chuir an Roinn Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse/Comhaontuithe Riaracháin i gcrích ina leagtar amach róil choibhneasta na gcomhlachtaí éagsúla sa Chlár Oibriúcháin CSE um Fhostaíocht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020 d'fhonn a chinntiú go bhfuil na córais chuí bhainistíochta agus rialaithe ann.

5.15 Comhaontú Bóthair Lansdún

Lean an Roinn uirthi ag cur ar fáil creata agus seirbhíse um chaidrimh thionsclaíoch agus á n-oibriú ag an leibhéal náisiúnta chun próiseáil ar shaincheisteanna um chaidreamh tionsclaíoch san earnáil oideachais lasmuigh den Roinn a bhainistiú. Ar obair na Roinne áirítear comhlíonadh bheartas pá an Rialtais a chur chun cinn ar fud na hearnála oideachais i gcoitinne, idirbheartú agus cur i ngníomh iomlán Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2013-2018 (Comhaontú Bhóthair Lansdún) maidir leis an earnáil oideachais agus comhairle a chur ar fáil do rannáin líne laistigh den Roinn (agus de na hinstitiúidí oideachais) faoi fheidhmiú dlí fostaíochta.

5.16 Caiteachas na Roinne

Ba é €8.71 billiún leithdháileadh airgeadais comhlán na Roinne in 2016. Airgead reatha ab ea €8.11 billiún den méid sin agus ba chaipiteal €0.60 billiún (7%). Is ionann leithdháileadh comhlán 2016 agus méadú €125m ar an leithdháileadh bunaidh a rinneadh in 2015. Rinne an leithdháileadh breise seo soláthar do 2,260 post múinteoireachta breise nó mar sin, maoiniú breise chun tacú le tionscnaimh bheartais leanúnacha lena n-áirítear an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta Náisiúnta (€3m), Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí (€8m), TFC i Scoileanna (€2.5m), an Tionscadal Glúin an Cheoil (€1m) agus tionscadail eile um athrú ar an gcuraclam (€2m). Cuireadh €5m sa mbreis ar fáil mar mhaoiniú caipitil mar chuid d'infheistiú €15m thar 3 bliana (2014-2016) chun scéimeanna iasachta leabhar a leathnú chuig gach bunscoil.

Comhaontaíodh meastachán forlíontach €136m don Roinn in 2016 a dhéanann soláthar do chaiteachas caipitil méadaithe agus do chostais phinsin bhreise.

5.17 Iniúchadh Inmheánach / Rialú Airgeadais Chiste Shóisialta na hEorpa

Tá an tAonad um Iniúchadh Inmheánach sa Roinn freagrach as cinnteacht a thabhairt don Oifigeach Iniúchóireachta maidir le leorgacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht próiseas bainistithe riosca, córais rialaithe inmheánacha agus próiseas rialachais na Roinne.

Cinntíonn an tAonad um Rialú Airgeadais de chuid Ciste Sóisialta na hEorpa go gcomhlíonann Éire riachtanais rialála an Aontais Eorpaigh i ndáil le hiniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa, cuireann sé chun cinn deachleachtas i mbainistiú, rialú agus iniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa in Éirinn agus déanann sé deimhin de go ndéantar iniúchtaí de réir caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta d'fhonn tuarascálacha ardcháilíochta atá cothrom cóir a chur ar fáil.

Ullmhaítear cláir iniúchóireachta bliantúla faoi choimirce an Choiste Iniúchóireachta agus tuairiscíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánach agus Údarás Iniúchóireachta an Chiste Shóisialta araon don gCoiste faoi sheoladh na gclár seo agus faoi chríochnú tuarascálacha iniúchóireachta. Críochnaíodh dhá thuarascáil dhéag san iomlán in 2016 agus déanann an dá réimse rianú, ar bhonn ráithiúil, ar an dul chun cinn ar chur i ngníomh na moltaí a eascraíonn ó thuarascálacha iniúchóireachta.

5.18 Dul i ngleic le Drochúsáid san Am atá Thart

Cuireann Éire pleananna gníomhaíochta leathbhliantúla isteach chuig Comhairle na hEorpa ina sonraítear bearta ar leith agus bearta ginearálta a ghlactar chun breithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine i gcás Louise O'Keefe a chur i bhfeidhm. I bpleananna gníomhaíochta na bliana 2016 a cuireadh faoi bhráid Chomhairle na hEorpa déantar trácht ar na forbairtí reachtaíochta breise maidir leis an reachtaíocht Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, ar an mBille um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015 agus ar an mBille Tús Áite do Leanaí, 2014.

I mí Mhárta 2015 d'fhoilsigh an Roinn dréacht-Scéim Ghinearálta maidir le Bille um Thaifid a Choinneáil a fhorálann go gcuirtear taifid an Bhoird Shásaimh d'Institiúidí Cónaithe, an Choiste Athbhreithnithe d'Institiúidí Cónaithe agus an Choimisiúin um Fhiosrú a dhéanamh ar Drochúsáid Leanaí, agus na hinstitiúidí seo díscaoilte, i dtaisce sa Chartlann Náisiúnta, áit go gcoinneofar iad faoi shéala go ceann 75 bliana. Bhí dréachtú an bhille tagtha chun cinn go mór ag deireadh 2016.

Aguisín A – Cairt na hEagraíochta – Nollaig 2016



Aguisín B - Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne

Comhlachtaí Neamhthráchtála faoina Coimirce
➔ An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) ➔ An Foras Taighde ar Oideachas ➔ An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas ➔ An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CMCM) ➔ Coimisiún na Scrúduithe Stáit ➔ An Chomhairle Mhúinteoireachta ➔ An Coimisiún um Mí-úsáid Leanaí a Fhiosrú (CICA) ➔ An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe (RIRB) ➔ An Coiste um Athbhreithniú ar Institiúidí Cónaithe (RIRC) ➔ Baill Chiste Reachtúil na nInstitiúidí Cónaithe (RISF) Caranua ➔ An Chomhairle Náisiúnta d'Oideachas Speisialta (NCSE) ➔ Comhairle Taighde na hÉireann ➔ An tÚdarás um Ardoideachas ➔ Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ➔ Léargas - An Biúró Malartuithe ➔ Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin ➔ An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) ➔ Skillnets Ltd

Gheofar tuilleadh faisnéise ar ár ngníomhaireachtaí lena n-áirítear sonraí teagmhála agus sonraí broid ar ár suíomh gréasáin www.education.ie tríd an nasc seo a leanas: Gníomhaireachtaí

Aguisín C – Naisc Dhíreacha chuig ár Suíomh Gréasáin www.education.ie

Faisnéis Staidrimh	http://www.education.ie/en/Publications/Statistics/
Tuairiscí ón gCigireacht	http://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/
Reachtaíocht Oideachais	http://www.education.ie/en/The-Education-System/Legislation/Education-Legislation.html
Gach Foilseachán	http://www.education.ie/en/Publications/
Ciorcláin agus Foirmeacha	http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/
Oideachas Speisialta	http://www.education.ie/en/The-Education-System/Special-Education/
Dearadh Scoileanna	http://www.education.ie/en/School-Design/
Preas agus Imeachtaí	http://www.education.ie/en/Press-Events/
Seirbhísí agus Faisnéis do Thuismitheoirí	http://www.education.ie/en/Parents/
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais Nasc chuig	NEPS Link
Seirbhísí agus Oideachas d'Fhoireann Oideachais	http://www.education.ie/en/Education-Staff/
Seirbhísí agus Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí	http://www.education.ie/en/Learners/